



IRISH RESEARCH COUNCIL

An Chomhairle um Thaighde in Éirinn

Ciste Taighde **COALESCE**

Comhaontais **Chomhoibríocha** le haghaidh **Dúshláin Shochaíocha**

Téarmaí agus Coinníollacha

2019



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills



Seoladh na gairme	Meitheamh 2019
Sprioc-am do cheisteanna coitianta	1 Lúnasa 2019
SPRIOC-AM D'IARRATASÓIRÍ	8 Lúnasa 2019
Sprioc-am d'fhormhuiniú na hOifige Taighde	19 Lúnasa 2019
Toradh na scéime	Nollaig 2019

SPRIOC-AMANNA TÁBHACHTACHA DON GHAIRM SEO

Leagtar amach go mionsonrach sa doiciméad seo eolas faoin nGairm um Maoiniú Taighde 2019 COALESCE. Áirítear anseo Téarmaí agus Coinníollacha an iarratais, an próiseas iarratais, na critéir mheasúnaithe, agus na riachtanais tar éis bhronnadh na dámhachtana. Tá gach iarracht déanta ag an gComhairle chun a chinntiú go bhfuil an t-eolas ar fad sa doiciméad seo cruinn, ach coimeádann an Chomhairle an ceart aici féin, an doiciméad seo a leasú.

Clár Ábhair

RANNÁN 1: Cúlra na Gairme	5
1.1 Eolas faoin gComhairle um Thaighde in Éirinn	5
1.2 Comhthéacs na Gairme COALESCE	5
1.3 Innovation2020	6
RANNÁN 2: Achoimre ar an gClár	6
2.1 Spriocanna na gairme seo	6
2.2 Achoimre ar na snáitheanna maoinithe faoin ngairm seo.....	7
2.3 Snáithe 1 COALESCE	7
2.4 Cuspóirí Shnáithe 1	8
2.5 Snáithe 2 COALESCE	8
2.6 Cuspóirí Shnáithe 2B: Gradaim ‘Domhan Níos Fearr’ 2019	8
2.7 An Creat um Dhúshlán Domhanda: Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.....	9
2.8 Tionchar idirearnála agus beartais feabhsaithe a ghiniúint.....	10
RANNÁN 3: Incháilitheacht	10
3.1 Incháilitheacht do Shnáithe 1	10
3.2 Incháilitheacht do Shnáithe 2B	10
3.3 Coinníollacha Iarratais Ginearálta.....	11
RANNÁN 4: Míreanna Incháilithe Caiteachais/Costas	12
4.1 Coinníollacha Ginearálta	12
4.2 Snáithe 1 – Soláthar foirne agus costais incháilithe eile.....	12
4.3 Costais Taighde Incháilithe Shnáithe 1	13
4.4 Snáithe 2B – Soláthar foirne agus costais incháilithe eile.....	14
4.5 Costais Taighde Incháilithe Shnáithe 2B	15
RANNÁN 5: Togra a Ullmhú	17
5.1 Pleananna bainistíochta sonraí.....	17
5.2 Próiseas na n-iarratas.....	18
5.4 Ceisteanna Coitianta	18
RANNÁN 6: Eolas do shealbhóirí dámhachtainí rathúla	18
6.1 Freagrachtaí ginearálta na bPríomhthaighdeoirí.....	18
6.2 Cuntasacht Airgeadais.....	19
6.3 Athbhreithniú ar Dhul Chun Cinn.....	19
6.4 Na riachtanais maidir le tuairisciú tásach:	20
6.5 Dámhachtain a iarchur.....	20
6.6 Dámhachtain a fhoirceannadh.....	20

6.7 Admháil na Comhairle.....	20
6.8 Faomhadh Eiticiúil.....	21
6.9 Ionracas Taighde	21
6.10 An Ghné Ghnéis/Inscne	22
6.11 Maoin Intleachtúil/Aistriú Eolais.....	22
6.12 Beartas Rochtana Oscailte	22
6.13 Dámhachtainí Breise	23
6.14 Freagrachtaí na hÓsteagraíochta (Institiúidí Ardoideachais/Eagraíochtaí Déanta Taighde)....	24
6.15 Dínit i Stiúradh na Taighde.....	24
6.16 Coinníollacha Ginearálta na Dámhachtana.....	25
AGUISÍN 1.....	26
Snáithe 1C: Clár Taighde 2019 Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.	26
Snáithe 1E: Dámhachtain Taighde um Shláinte Ghnéis agus Toircheas Géarchéime.....	29
Snáithe 1F: Gradam Taighde na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige.....	32
Snáithe J: Gradam Taighde Met Éireann.....	38
AGUISÍN 2.....	42
Snáithe 2B: Gradaim ‘Domhan Níos Fearr’ 2019 na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	42
AGUISÍN 3.....	45
Nósanna Imeachta agus Critéir Mheasúnaithe.....	45
Critéir Mheastóireachta	45
Critéir Mheastóireachta SHNÁITHE 1	46
Critéir Mheastóireachta SHNÁITHE 2B	47
AGUISÍN 4.....	48
Treoir maidir leis an Diminsean Gnéis-Inscne in Inneachar Taighde	48
AGUISÍN 5.....	51
Clár Oibre ar Fhorbairt Inbhuanaithe na NA.....	51
AGUISÍN 6.....	54
Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta	54
AGUISÍN 7.....	56
Acmhainní maidir le Pleananna Bainistíochta Sonraí agus Prionsabail FAIR	56

RANNÁN 1: Cúlra na Gairme

1.1 Eolas faoin gComhairle um Thaighde in Éirinn

Is é bunchuspóir na Comhairle um Thaighde in Éirinn pobal beo fuinniúil taighde a chumasú agus a chothú in Éirinn. Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle cur leis an stór eolais agus saineolais atá ar fáil agus, trí thaighde agus thaighdeoirí den chéad scoth a mhaoiniú, an stór a dhéanamh inrochtana do riachtanais reatha agus todhchaí na hÉireann, cibé an ar mhaithe le riachtanais shochoaíocha, chultúrtha nó eacnamaíocha é. Chun an chuid seo dá mandáid a chomhlíonadh, tá cuspóir straitéiseach ag an gComhairle dul i gcomhar agus comhoibriú le páirtithe leasmhara sa tsochaí, lena n-áirítear fiontair, agus béim ar leith á leagan ar an rialtas agus ar an tsochaí shibhialta, chun freastal ar a gcuid riachtanas. Áirítear le clár na Comhairle a phléann leis an dara grúpa díobh sin an Ciste Taighde COALESCE agus an clár New Foundations.

Cuirtear béim sa chlár Nuáil 2020 (an straitéis náisiúnta do thaighde agus forbairt) ar an riachtanas atá ann taighde a dhéanamh a thugann aghaidh ar dhúshláin shochoaíocha atá os comhair na hÉireann, ag an leibhéal náisiúnta agus domhanda: “Sna deich nó fiche bliain atá le teacht, beidh dúshláin mhóra romhainn, agus beidh an nuálaíocht agus an taighde mar chuid lárnach dár bhfreagraí náisiúnta”. Aithnítear leis an straitéis go bhfuil sé ríthábhachtach acmhainneacht taighde leathan a chothú chun tacú le cuspóirí beartais náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tugadh roinnt gníomhaíochtaí don Chomhairle sa chlár Innovation 2020 chun caidreamh leis na heintitis phoiblí agus leis an tsochaí shibhialta maidir le beartas poiblí agus taighde sochaíoch dúshlán-bhunaithe a mhéadú, rud a dhéanfaidh beartais phoiblí agus a dtionchar ar an tsochaí a threisiú. Is riachtanas idirnáisiúnta agus náisiúnta araon é tacú le forbairt acmhainneacht an chórais taighde, ionas go mbeadh sé in ann freagairt do dhúshláin shochoaíocha. Dá réir sin, tá clár na Comhairle ag díriú níos mó i gcónaí ar chreataí níos leithne, amhail Fís 2020 Dúshlán na Sochaí (Gairm New Físe) agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (Gairm COMHCHISTITHE CAROLINE MSCA) agus Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta (Ciste Taighde COALESCE).

Mar chuid dá mandáid fhoriomlán agus chun spriocanna Nuáil 2020 a chur i bhfeidhm, tá an dara Gairm á seoladh ag an gComhairle faoi COALESCE: Comhaontais Chomhoibriúchá le haghaidh Dúshlán Shochaíocha.

1.2 Comhthéacs na Gairme COALESCE

Is gá d’Éirinn aghaidh a thabhairt ar phríomhdhúshláin shóisialta, chomhshaoil agus eacnamaíocha. Baineann cuid de na dúshláin sin le hÉirinn amháin, ach baineann cuid eile díobh le náisiúin Eorpacha eile agus leis an domhan i gcoitinne. Tá na dúshláin éagsúla atá romhainn amach mar náisiúin curtha in iúl go maith, go háirithe sa Chlár Oibre ar Fhorbairt Inbhuanaithe 2030, a bhfuil 17 sprioc aige. Chuimsigh Fís 2020 dúshláin shochoaíocha mar cholún lárnach den chreat, agus tá FP9, Fís Eorpach, le leanúint den chur chuige sin.

Tá Éire tar éis cur chuige dúshlán-bhunaithe idir-rialtas a chomhtháthú le déanaí, nuair a foilsíodh an Creat Pleanála Náisiúnta (*Éire 2040*) agus an Plean Forbartha Náisiúnta atá gaolmhar leis. Leagtar amach sa chreat seo 10 dToradh Straitéiseacha Náisiúnta, a mbraitheann rathúnas, comhionannas, todhchaí inbhuanaithe agus cosaint ár gcomhshaoil nádúrtha ar a gcomhlíonadh. Mar atá luaite sa chreat, tá gaol láidir idir na torthaí straitéiseacha náisiúnta agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe; tá gaol láidir freisin idir na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta agus dúshláin shochoaíocha Fís 2020.

Beidh baint amach na spriocanna náisiúnta agus domhanda dúshlánach iontu féin agus beidh leibhéal comhoibrithe agus comhordaithe gan fasach ag teastáil laistigh den Stát agus ar bhonn idirdhlínse. De bharr an iliomad gníomhaireachtaí a bheidh ag plé go díreach le cur i bhfeidhm an Phlean Forbartha Náisiúnta, beidh deiseanna móra ag teacht chun cinn do thaighdeoirí chun naisc

nua a chruthú, go réigiúnach agus go háitiúil, agus beidh sin ina léiriú breise ar luach chóras taighde na hÉireann mar acmhainn náisiúnta.

Tá ról lárnach ag taighde den scoth thar na disciplíní ar fad maidir le heolas agus fianaise nua a fhorbairt, ar féidir leis an lucht déanta beartas, mar aon le cinnteoirí agus cleachtóirí, é a úsáid chun gníomhartha agus idirghabhálacha a threorú ionas go mbeifí in ann dúshláin shochaíocha náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaint amach. Chun rannpháirtíocht an chórais taighde a mhéadú i dtaca leis seo, ní mór béim a chur ar mheicníochtaí láidre a thógáil chun a chinntiú go bhfuil an t-eolas agus an fhianaise á n-aistriú agus á gcuimsiú i dtimpeallacht an bheartais agus an chleachtaidh, lena n-áirítear na caidrimh riachtanacha a chruthú leis an earnáil phoiblí, an tsochaí sibhialta, nó eile, chun tacú leis an bpróiseas sin.

Tá sé de chuspóir ag an nGairm taighde den scoth a mhaoiniú a thugann aghaidh ar dhúshláin ar bhonn náisiúnta, na hEorpa agus an domhain i gcoitinne mar atá leagtha amach sna creataí dúshláin atá i bhfeidhm faoi láthair. Tá an Ghairm á rith i gcomhar le roinnt mhaith ranna agus gníomhaireachtaí rialtais a chistíonn nó a chomhchistíonn snáitheanna áirithe.

1.3 Innovation2020

Mar straitéis na hÉireann don eolaíocht, don teicneolaíocht, don taighde agus don fhorbairt, díríonn Nuáil 2020 ar chuir chuige nua atá á spreagadh ag dúshláin shochaíocha náisiúnta agus dhomhanda (Gníomh 4.3). Cuirtear béim ar chaidreamh le gníomhaithe seachtracha sa phróiseas seo.

Dírítear i nGníomh 4.4 ar an mbeartas poiblí agus an tionchar sochaíoch a threisiú trí 'thacaíochtaí chun taighde idirdhisciplíneach a chothú; agus rannpháirtíocht eintiteas poiblí agus na sochaí sibhialta sa bheartas poiblí agus sa taighde bunaithe ar dhúshláin shochaíocha a mhéadú'. Éilítear i nGníomh 2.8 ar mhaoinitheoirí taighde a 'chinntiú go ndreasaíonn siad agus go gcúitíonn siad an comhoibriú idirdhisciplíneach'.

Is freagra an ghairm seo ar an gclár oibre náisiúnta um thaighde agus cuireann sí deiseanna ar fáil do thaighdeoirí thar na disciplíní ar fad chun tionscadail taighde den scoth a mholadh, a fheabhsóidh ár gcumas comhchoiteann, dúshláin náisiúnta a bhaint amach agus oibriú i dtreo todhchaí inbhuanaithe domhanda.

RANNÁN 2: Achoimre ar an gClár

2.1 Spriocanna na gairme seo

Is é aidhm ghinearálta na gairme seo ná eolas, fianaise, comhoibriú agus naisc nua a chothú a fheabhsóidh ról agus tionchar phobal taighde na hÉireann chun dúshláin náisiúnta agus spriocanna domhanda níos leithne a bhaint amach. Déanfaidh COALESCE cáilíocht bhonn taighde na hÉireann a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha. Gríosfaidh an ghairm comhoibriú gníomhach idir iad siúd a tháirgeann eolas nua agus iad siúd a úsáideann é.

2.2 Achoimre ar na snáitheanna maoinithe faoin ngairm seo¹

Snáithe	Arna mhaoiniú ag/i gcomhar le	Cur Síos	Fad uasta an tionscadail	Teorainn mhaoinithe de réir tionscadail *
1C	Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (cómhaoinithe leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn)	Troid i gcoinne an chiníochais agus tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn	15 mhí	€100,000
1E	Clár Thoirchis Géarchéime FSS	Dámhachtain Taighde um Shláinte Ghnéis agus Toircheas Géarchéime	15 mhí	€100,000
1F	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	Modhanna, uirlisí agus prionsabail atá comhthéacs-íogair a fhorbairt le haghaidh téarmeolaíocht ionchuimsitheach agus teanga oiriúnach d'fhonn ionadaíocht a dhéanamh do dhaoine a chaith tréimhse ama sna hinstiúidí a nglaoitear Árais Mháithreacha is Leanaí orthu agus in instiúidí gaolmhara, agus a n-eispéiris sna hinstiúidí sin	12 mhí	€60,000
1J	Met Éireann	Gnéithe Sochaíocha agus Iompair d'Úsáid Seirbhísí Aimsire agus Aeráide, Clár Taighde Met Éireann 2019	12 mhí	€100,000
2B	An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (arna chómhaoiniú leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn)	An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála: Gradaim 'Domhan Níos Fearr' 2019	36 mhí	€350,000

*forchostas 25% san áireamh

2.3 Snáithe 1 COALESCE

Tá sé de chuspóir ag Snáithe 1 COALESCE leas a bhaint as acmhainní agus saineolas chóras taighde na hÉireann chun 10 sprioc náisiúnta na hÉireann, mar atá leagtha amach i dTionscadal Éireann 2040, a bhaint amach. Tabharfaidh an snáithe seo aghaidh ar shainábhair taighde mar atá sonraithe ag na comhpháirtithe maoinithe straitéiseacha don Ghairm seo. Tá Gairm 2019 struchtúrtha ag dúshláin atá leagtha síos ag cuid mhaith ranna agus gníomhaireachtaí rialtais atá ar thóir taighde a bheidh in ann dul i ngleic le gnéithe dá straitéisí agus dá mbeartais.

¹ Ní rithfear snáitheanna 1A, 1B, 1D, 1G-1I agus 2A in 2019.

2.4 Cuspóirí Shnáithe 1

Is iad seo a leanas cuspóirí Shnáithe 1:

- Taighde den scoth a chur chun tosaigh, a bheidh mar bhonn agus taca ag aon dul chun cinn maidir le déileáil leis na dúshlán atá léirithe i mbeartais agus straitéisí maoinitheoirí agus cómhaoinitheoirí snáitheanna 2019.
- Taighde den scoth a shaothrú i réimsí ar leith faoi na comhpháirtíochtaí cistithe straitéiseacha mar atá leagtha amach i Snáitheanna 1C, 1E, 1F agus 1J.
- Chun comhoibriú idir thaighdeoirí agus an earnáil phoiblí a fheabhsú chun tacaíocht a thabhairt do cheapadh fóna beartas agus cinntí atá bunaithe ar fhianaise.
- Tacú le forbairt na hacmhainneachta sa chóras taighde le go mbeadh sé in ann obair go héifeachtúil laistigh de chur chuige náisiúnta atá bunaithe ar dhúshlán.

Tabhair faoi deara: i gcás **Snáitheanna 1C, 1E, 1F & 1J**, tá sé i gceist ag an gComhairle gradam amháin a dhámhachtain in aghaidh an tsnáithe.

2.5 Snáithe 2 COALESCE

Dearadh Snáithe 2 chun tacú le forbairt comhoibrithe/acmhainneachta idirearnála atá idirdhisciplíneach, i gcomhthéacs na ndúshlán domhanda agus idirnáisiúnta. Leathnóidh dámhachtaithe a ngníomhaíochtaí taighde, agus cuirfidh siad le hinbhuanaitheacht a gcláir taighde trí iomaíochas níos fearr a bhaint amach chun go n-éireoidh leo i gcláir chistithe Eorpacha agus idirnáisiúnta chomhoibríocha amach anseo, lena n-áirítear Fís Eorpach (FP9). An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála a dhéanann an snáithe a mhaoiniú, agus í ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar chomhoibriú taighde agus forbairt acmhainneachta idir Éire agus spriocthíortha sa Domhan Theas.

Tabharfaidh Snáithe 2 tacaíocht do thaighdeoirí chun naisc nua a chruthú agus chun líonraí eolais náisiúnta agus idirnáisiúnta réamhbhunaithe a dhaingniú mar chuid de chur chuige dúshlán-bhunaithe. Baileoidh cur chuige dúshlán-bunaithe le chéile acmhainní agus eolas thar réimsí, teicneolaíochtaí agus disciplíní éagsúla, lena n-áirítear na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí, agus go deimhin lasmuigh den saol acadúil, isteach in earnálacha nua.

2.6 Cuspóirí Shnáithe 2B: Gradaim ‘Domhan Níos Fearr’ 2019

- Iarratasóirí ar Shnáithe 2B: Is féidir Domhan Níos Fearr a dhíorthú ó aon disciplín.
- Is é an Rannán Comhoibrithe Forbartha agus na hAfraice sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála atá ag maoiniú Shnáithe 2B, Domhan Níos Fearr.
- Sheol an Rannán sin *Domhan Níos Fearr, Beartas Forbartha Idirnáisiúnta nua na hÉireann*, i bhFeabhra 2019. Ceapadh *Domhan Níos Fearr* i gcomhthéacs uailmhian Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, is é sin, na daonraí is faide siar a shroicheadh i dtús báire.
- Sa doiciméad *Éire Dhomhanda: Lorg Domhanda Éireann go dtí 2025*, leagtar síos plan chun scóip agus tionchar domhanda na hÉireann a mhéadú faoi dhó faoin mbliain 2025. Sonraítear ann uailmhian na hÉireann, leanúint dá ról ceannaireachta maidir le domhan a bhfuil comhionannas, síocháin agus inbhuanaitheacht mhéadaithe ag baint leis.

Is garsprioc shuntasach é *Domhan Níos Fearr* i ndáil le beartas agus clár forbartha idirnáisiúnta na hÉireann, agus i ndáil le beartas eachtrach na tíre i gcoitinne. Déanann sé gnáthfhócas na hÉireann ar ‘na daonraí is boichte ar fad’ a nuashonrú chun gealltanais Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na

Náisiún Aontaithe a chur i gcrích, is é sin, ‘na daonraí is faide siar a shroicheadh i dtús báire’, agus díriú chuige sin ar cheithre thosaíocht ó thaobh an bheartais de: comhionannas inscne; gníomhú ar son na haeráide; rialachas treisithe; agus riachtanas daonnúil laghdaithe.

Is iad seo a leanas cuspóirí Shnáithe 2B:

- Deiseanna a sholáthar le haghaidh tionscnaimh chomhoibrithe nua idir taighdeoirí in Éirinn agus taighdeoirí i dtíortha comhpháirtíochta incháilithe, agus na deiseanna sin bunaithe ar thionscadail taighde den scoth atá in oiriúint do na tosaíochtaí beartais atá leagtha síos sa doiciméad *Domhan Níos Fearr* (féach Aguisín 2)
- Chun forbairt na hacmhainneachta taighde chomhoibríoch sna tíortha comhpháirtíochta sa domhan theas a chumasú trí chomhpháirtíochtaí a chruthú le taighdeoirí Éireannacha, agus an acmhainneacht sin a úsáid chun rath a bhaint amach i mbliain deiridh an chlár Fís 2020 agus/nó Fís Eorpach (FP9)
- Tionchar ar bheartas forbartha domhanda a ghiniúint, go háirithe laistigh de phobal beartais na tíre comhpháirtíochta
- Rannpháirtíocht an chórais taighde Éireannaigh sa Chlár Oibre um Fhorbairt Inbhuanaithe 2030 a fheabhsú
- Cur chuige dúshlán-bhunaithe maidir le taighde a chur chun cinn, agus chuige sin, acmhainneacht thrasnáisiúnta chomhoibríoch a fhorbairt, a mbeidh dea-tionchar aici ar spriocghrúpaí bochta leochaileacha.

Tugann Aguisín 2 treoir eolais iomlán d’iarratasóirí ar na comhthéacsanna agus na riachtanais do Shnáithe 2B.

2.7 An Creat um Dhúshlán Domhanda: Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Is gairm chun gnímh iad na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, atá dírithe ar gach tír, is cuma cé acu bocht, saibhir nó meánioncam atá sí, chun an rathúnas a chur chun cinn agus an domhan á chosaint san am céanna. Aithníonn siad, má táthar chun deireadh a chur leis an mbochtanas, gur gá straitéisí a chur i bhfeidhm a chruthaíonn fás eacnamaíoch agus a thugann aghaidh ar raon riachtanas sóisialta, lena n-áirítear oideachas, sláinte, cosaint shóisialta, agus deiseanna fostaíochta, agus gur gá freisin dul i ngleic leis an athrú aeráide agus le cosaint an chomhshaoil. Cé nach bhfuil na [Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe](#) ina gceangal de réir dlí, táthar ag súil leis go nglacfaidh rialtais freagracht astu agus go mbunóidís creataí ar mhaithe leis na 17 Sprioc a bhaint amach.²

Is creat domhanda iad na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe do phríomhdhúsláin na linne seo. Aithnítear an cur in oiriúint idir Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta Éireann agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe in *Éire2040*, agus soláthraíonn tuairiscí a ullmhaíodh don Choimisiún Eorpach aithinteas láidir do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe mar phointe tagartha domhanda, cé gur ceann an-leathan é, do dhúshlán/mhisin le haghaidh nuálaíocht agus taighde faoi thionchar na hEorpa.³

² ‘UNDP: Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe’ (2015) <https://sustainabledevelopment.un.org/?menu=1300>

³ ‘LAB-FAB-APP: Ag Infheistiú sa Todhchaí atá Uainn’ (2017), 15.

2.8 Tionchar idirearnála agus beartais feabhsaithe a ghiniúint

Déanann roinn/gníomhaireacht rialtais snáitheanna 1C, 1E, 1F, 1J agus 2B COALESCE a mhaoiniú nó a chómhaoiniú, agus mar sin beidh comhpháirtíocht beartais láidir i bhfeidhm le linn an taighde agus le linn scaipeadh na dtorthaí.

Táthar ag súil leis go ndéanfaidh iarratasóirí comhpháirtíocht idirearnála a chuimsiú thar shaolré an tionscadail, ón gcéim deartha go dtí an chéim scaipthe. Spreagtar smaointe nuálacha sa phróiseas sin, lena n-áirítear rannpháirtíocht leis an earnáil fiontair. Éileoidh meastachán na Comhairle samplaí d'fhianaise nithiúil maidir le cé chomh láidir is atá an chomhpháirtíocht.

Ba cheart d'iarratasóirí leas a bhaint as an dea-chleachtas agus as na hacmhainní atá ar fáil. Áirítear leo sin an [Tuairisc ar Thaighde Rannpháirteach](#) le Campus Engage, a fuair maoiniú ón gComhairle um Thaighde in Éirinn.

RANNÁN 3: Incháilitheacht

3.1 Incháilitheacht do Shnáithe 1

Roimh an sprioc-am d'iarratasóirí, cuirfidh an té seo thíos iarratas rathúil isteach:

Príomhthaighdeoir a bhfuil conradh ar fad leordhóthanach aige cheana le hInstitiúid Ardoideachais nó le hEagraíocht Déanta Taighde, chun an taighde beartaithe a chur i gcrích ó dháta tosaigh an tionscadail go dtí dáta deiridh an tionscadail.

Féach liosta na n-institiúidí incháilithe ag http://research.ie/assets/uploads/2017/05/IRC_2019_Eligible-Higher-Education-Institutions-in-Ireland.pdf.

Ní mór don Phríomhthaighdeoir a cheapfar:

- A céim dhochtúra a bheith bronnta air tráth nach déanaí ná an 1 Samhain 2017. Ba cheart dáta bronnta na céime a chur san áireamh i gcás an choinníll seo.
- Gan aon mhaoiniú eile ón gComhairle a bheith á fháil aige amhail ar an dáta tosaigh beartaithe, seachas más dámhachtain New Foundations agus/nó Creative Connections agus/nó Ulysses atá i gceist.

3.2 Incháilitheacht do Shnáithe 2B

Roimh an sprioc-am d'iarratasóirí, cuirfidh an té seo thíos iarratas rathúil isteach:

Príomhthaighdeoir ceannais a bhfuil conradh ar fad leordhóthanach aige cheana le hInstitiúid Ardoideachais nó le hEagraíocht Déanta Taighde, chun an taighde beartaithe a chur i gcrích ó dháta tosaigh an tionscadail go dtí dáta deiridh an tionscadail.

Féach liosta na n-institiúidí incháilithe ag http://research.ie/assets/uploads/2017/05/IRC_2019_Eligible-Higher-Education-Institutions-in-Ireland.pdf.

IN ÉINEACHT LE

Leas-Phríomhthaighdeoir (comhiarratasóir) **éigeantach agus ainmnithe** atá fostaithe in Institiúid Ardoideachais nó in Eagraíocht Déanta Taighde i gceann de thíortha comhpháirtíochta na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus a bheidh in ann an taighde beartaithe a dhéanamh ó dháta tosaigh go dtí dáta deiridh an tionscadail. Féadfaidh an Eagraíocht Déanta Taighde sa tír chomhpháirtíochta a bheith ina hInstitiúid ardleibhéil phoiblí nó seachbhrabúsach, nó ina hInstitiúid taighde. Is gá go mbeadh acmhainneacht agus bonneagar leordhóthanach ag an IEagraíocht Déanta

Taighde chun tacú leis an taighde, go mbeadh taighde idir lámha aici, agus go mbeadh sí in ann an caighdeán déine acadúla a léiriú, atá riachtanach le haghaidh mórthionscadal taighde den chineál seo.

Beidh na cáilíochtaí seo a leanas ag an bpríomhiarratasóir:

- Dochtúireacht a bheith bainte amach aige trí bliana ó shin ar a laghad⁴
- Deontas a bheith gnóthaithe aige ar íosluach €100K agus a bheith tar éis feidhmiú mar Phríomhthaighdeoir maidir leis an tionscadal sin
- Go mbeadh taithí aige ar a bheith ag obair laistigh de chuibhreannais taighde dírithe ar fhorbairt idirnáisiúnta, agus/nó ar thionscadal taighde idirnáisiúnta
- In ann a léiriú go bhfuil taighde déanta aige faoi cheann amháin nó níos mó de théamaí na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála don snáithe seo
- Gan aon mhaoiniú eile ón gComhairle a bheith á fháil aige amhail ar an dáta tosaigh beartaithe, seachas más dámhachtain New Foundations agus/nó Creative Connections agus/nó Ulysses atá i gceist.

Beidh na cáilíochtaí seo a leanas, ar a laghad, ag an gcomhiarratasóir:

- Dochtúireacht⁴ a bheith bainte amach aige trí bliana ó shin ar a laghad (nó cáilíochtaí/taithí taighde chomhionann a bheith aige)
- Go mbeadh taithí aige ar chomhoibriú taighde idirnáisiúnta dírithe ar fhorbairt idirnáisiúnta, agus/nó ar thionscada(i)l taighde idirnáisiúnta
- In ann a léiriú go bhfuil taighde déanta aige faoi cheann amháin nó níos mó de théamaí na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála don snáithe seo

3.3 Coinníollacha Iarratais Ginearálta

Ní mór go mbeadh an príomhiarratasóir agus aon leas-phríomhthaighdeoir in ann a dhóthain ama a thabhairt do bhainistíocht agus do chur i gcrích an tionscadail. Moltar do na Príomhthaighdeoirí, agus iad ag cur isteach iarratais ina n-ainm féin, **go bhfuil sé de dhualgas orthu an tionscadal a fhorbairt**, agus an aird agus an t-am a chaitheamh air, gan é a ligean ar fhochoonradh d'aon pháirtí nó páirtithe eile. Ina theannta sin, is cuid de Théarmaí agus Coinníollacha ginearálta na scéime seo na riachtanais atá leagtha amach ag Comhpháirtithe Straitéiseacha na scéime seo.

Is féidir le hiarratasóirí **iarratas comhthráthach** a dhéanamh ar dhámhachtain Shnáithe 1 agus ar dhámhachtain Shnáithe 2. Má tharlaíonn sé go n-éiríonn le hiarratasóir i níos mó ná snáithe amháin den ghairm seo, ní mór don iarratasóir straitéis bainistithe ama a léiriú agus cead a fháil ón gComhairle um Thaighde in Éirinn chun go ligfí dó glacadh leis an dá dhámhachtain.

⁴ A gcéimeanna dochtúireachta a bheith bronnta ar an bpríomhiarratasóir agus an comhiarratasóir tráth nach déanaí ná an 1 Samhain 2016. Don choinníoll seo, ba cheart dáta bronnta na gcéimeanna a bheith curtha san áireamh.

RANNÁN 4: Míreanna Incháilithe Caiteachais/Costas

4.1 Coinníollacha Ginearálta

Caithfear gach costas a lorgaítear faoi iarratas a shonrú agus údar maith leo a thabhairt. Caithfidh iarratasóirí léiriú go soiléir go bhfuil aon chostais atá a lorg riachtanach chun an clár taighde beartaithe a thabhairt chun críche agus nach bhfuil a leithéid de shaoráidí ar fáil don (do na) taighdeoir(i) ar bhealach ar bith eile. Is gné thábhachtach den phróiseas meastóireachta agus measúnachta é cumas an iarratasóra luach ar airgead a léiriú. Ba chóir d'iarratasóirí a chinntiú go bhfuil ríomh a mbuiséid déanta i gceart agus iad ag cloí leis na costais incháilithe atá leagtha amach thíos.

Ní mór an próiseas earcaithe foirne (m.sh. cúntóirí taighde, taighdeoirí iardhochtúireachta) a dhéanamh ar bhealach oscailte, trí fhógra poiblí. Caithfear baill foirne a earcú le haghaidh an tionscadail agus an ábhair bhronnta ar leith amháin. Féadfaidh earcú foirne tosú roimh dháta tosaigh an tionscadail agus is féidir na costais earcaithe a ghearradh ar an tionscadal (taobh amuigh den dáta tosaigh oifigiúil) le cead roimh ré ón gComhairle.

Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tar éis uasteorainn nua a chomhaontú don bhliain 2019 i dtaca le poist bhunmhaoinithe le haghaidh institiúidí arna n-ainmniú ag an Údarás um Ard-Oideachas. Beidh an tÚdarás ag scríobh chuig gach institiúid go gairid faoi na huasteorainneacha atá ceadaithe don bhliain 2019. Beidh an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag lorg meicníocht chun áit an Chreata Rialaithe Fostaíochta reatha a thógáil nó an Creat a nuashonrú. Idir an dá linn, caithfidh institiúidí leanúint de bheith ag cloí le prionsabail an Chreata Rialaithe Fostaíochta.

D'fhéadfadh go ndéanfaí foráil in iarratais Shnáithe 1 do bhallraíocht foirne le haghaidh taighdeoirí ó institiúidí agus eagraíochtaí nach dtagann faoi réim na n-institiúidí incháilithe, lena n-áirítear rannpháirtíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ach ní ceadmhach ach costais chomhoibrithe (seachas costais phearsanta) a leithdháileadh ar a leithéid d'institiúidí/eagraíochtaí, agus caithfear luach breise a leithéid de chostais a léiriú **go ríshoiléir**.

4.2 Snáithe 1 – Soláthar foirne agus costais incháilithe eile

Is féidir costais athsholáthair foirne a éascaíonn rannpháirtíocht sa tionscadal a chur san áireamh sna costais, ach caithfear an bonn cirt atá leo a léiriú go soiléir.

Costais Foirne	Uaschostas le haghaidh 1 bhliain féilire	Uaschostas le haghaidh leathbhliain féilire
Athsholáthairtí Acadúla	€24,353 (ÁSPC % agus Pinsean Fostóra san áireamh)	€12,177 (ÁSPC % agus Pinsean Fostóra san áireamh)
Cúntóir Taighde (d'fhéadfadh pá pro rata a bheith i gceist) Taighdeoir Iardhochtúireachta (d'fhéadfadh pá pro rata a bheith i gceist)	Ba cheart d'Institiúidí Ardoideachais úsáid a bhaint as scála tuarastail an taighdeora institiúide i leith cúntóirí taighde agus i leith taighdeoirí iardhochtúireachta. Ní mór údar a thabhairt do na costais seo go soiléir san fhoirm iarratais. Ní mór forálacha do ÁSPC & Rannaíocht Phinsean an Fhostóra a bheith san áireamh sa tuarastal a iarrtar. Mar chuid de phróiseas ghlacadh na dámhachtana, ní mór don oifig taighde a dheimhniú go bhfuil an tuarastal iarrtha i gcomhréir le scála tuarastail an taighdeora institiúide agus fianaise dhoiciméadach a chur ar fáil ina leith sin.	

4.3 Costais Taighde Incháilithe Shnáithe 1

Ní mór gach costáil a dhlisteanú go soiléir. Ní bheidh ach na costais a thabhaítear le linn shaolré na dámhachtana incháilithe.

Réimse costais agus treoir	Snáithe 1
Costais Foirne Féach thuas.	Is ea
Costais Taistil Is féidir costais le haghaidh taistil, maireachtála agus lóistín a iarraidh. Ba cheart sonraí maidir le líon na dturas, suíomh, cuspóir agus fad na dturas a chur ar fáil, chomh maith le sonraí faoi na baill foirne atá i gceist. Ba cheart go mbeadh iarratais ar thaisteal agus ar lóistín i gcomhréir le rátaí institiúideacha agus noirm a bhaineann le taisteal agus lóistín. Ní costas incháilithe é taisteal sa ghrád gnó.	Is ea
Comhoibriú Costais chun tacú le cuimsiú lucht déanta beartas agus comhpháirtithe eile (náisiúnta nó idirnáisiúnta) sa tionscadal taighde beartaithe.	Uasmhéid de 10% de chostais iomlána an tionscadail
Tomhaltáin Is féidir trealamh seachas trealamh TF a bhfuil luach nach mó ná €1 mhíle aige a chur san áireamh anseo.	Uasmhéid incheadaithe: €1,000
Rochtain ar bhonneagar taighde Bonneagar taighde taobh amuigh den óstinstitiúid amháin atá bailí ó thaobh costas de.	Is ea
Foilseacháin agus aschuir thaighde, lena n-áirítear Costais i dtaobh bainistíú sonraí, cartlannú, digitiú agus stóráil rochtana oscailte.	Is ea
Scaipeadh agus Malartú Eolais Costais a bhaineann le scaipeadh an taighde, freastal ar sheimineáir/chomhdhálacha (cuir sonraí ar fáil faoi ainm agus suíomh áit ar féidir) agus cainéil eile scaipthe agus ábhair m.sh. tuairiscí, suíomh gréasáin, srl. agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le malartú eolais.	Is ea
Comhairleacht Ní mór don chomhairleacht a bheith ábhartha agus bailí.	Suas le huasmhéid €5,000
Forchostais Baineann forchostas le gach costas díreach seachas costais trealaimh. Tá forchostais ar fáil maidir le costais dhíreacha a tabhaíodh in institiúidí lonnaithe in Éirinn agus in institiúidí comhpháirtíochta.	25%

Trealamh Cuir sonraí ar fáil le do thoil maidir le haon earraí trealaimh atá á iarraidh agus an bonn cirt a bhaineann leo. Díreoidh an Chomhairle go háirithe ar aon trealamh a iarrtar (m.sh. ríomhairí glúine, taifeadáin gutha, srl). Beidh réasúnaíocht láidir ag teastáil maidir le hiarratais dá leithéid chomh maith le cur síos ar na fáthanna nach bhféadfaí earraí dá leithéid a chur ar fáil don iartrasóir ó fhoinsé eile ar bith.	Is ea
--	-------

4.4 Snáithe 2B – Soláthar foirne agus costais incháilithe eile

Is féidir costais athsholáthair foirne a éascaíonn rannpháirtíocht sa tionscadal a chur san áireamh sna costais, ach caithfear an bonn cirt atá leo a léiriú go soiléir. Tá an Príomhthaighdeoir/Institiúid in Éirinn freagrach as comhordú ginearálta an tionscadail, sa tír chomhpháirtíochta freisin, lena n-áirítear aistriú cistithe agus caiteachas a mhonatóiriú.

Costais Foirne - Éire	Uaschostas le haghaidh 1 bhliain féilire	Uaschostas le haghaidh leathbhliain féilire
Athsholáthairtí Acadúla (Príomhthaighdeoir lonnaithe in Éirinn amháin)	€24,353 (ÁSPC % agus Pinsean Fostóra san áireamh)	€12,177 (ÁSPC % agus Pinsean Fostóra san áireamh)
Cúntóir Taighde (d'fhéadfadh pá pro rata a bheith i gceist) Taighdeoir Iardhochtúireachta (d'fhéadfadh pá pro rata a bheith i gceist)	Ba cheart d'Institiúidí Ardoideachais úsáid a bhaint as scála tuarastail an taighdeora institiúide i leith cúntóirí taighde agus i leith taighdeoirí iardhochtúireachta. Ní mór údar a thabhairt do na costais seo go soiléir san fhoirm iarratais. Ní mór forálacha do ÁSPC & Rannaíocht Phinsean an Fhostóra a bheith san áireamh sa tuarastal a iarrtar. Mar chuid de phróiseas ghlacadh na dámhachtana, ní mór don oifig taighde a dheimhniú go bhfuil an tuarastal iarrtha i gcomhréir le scála tuarastail an taighdeora institiúide agus fianaise dhoiciméadach a chur ar fáil ina leith sin.	

Costais Foirne – Tír Chomhpháirtíochta	Costais Foirne
Costais fostaíochta an Leas-Phríomhthaighdeora	Féadfaidh suas go dtí 50% de chostais foirne an Leas-Phríomhthaighdeora a lorg ón tír chomhpháirtíochta. Ní féidir na costais seo a éileamh do Leas-Phríomhthaighdeoir atá fostaithe go buan ag a n-óstinstitiúid, nó má tá, ag spriocdháta na gairme, Conradh lánaimseartha fostaíochta ag an Leas-Phríomhthaighdeoir leis an óstinstitiúid. Ní mór na costais a éilítear do Leas-Phríomhthaighdeoir a bheith ag teacht le scálaí tuarastail áitiúla cuí atá infheidhme do chéim ghairme an Leas-Phríomhthaighdeora. Ba chóir go mbeadh na costais a éilítear do Leas-Phríomhthaighdeoir ag teacht le scálaí tuarastail áitiúla cuí atá infheidhme do chéim ghairme an Leas-Phríomhthaighdeora.

Cúntóir Taighde (d'fhéadfadh pá pro rata a bheith i gceist) Taighdeoir Iardhochtúireachta (d'fhéadfadh íocaíocht pro rata a bheith i gceist)	Féadfaidh Eagraíochtaí Déanta Taighde i dtíortha comhpháirtíochta a scála tuarastail taighdeora institiúideach féin a úsáid do chúntóirí taighde agus do thaighdeoirí iardhochtúireachta. Ní mór údar a thabhairt do na costais seo go soiléir san fhoirm iarratais.
--	---

4.5 Costais Taighde Incháilithe Shnáithe 2B

D'fhéadfadh go ndéanfaí foráil in iarratais Shnáithe 2B do bhallraíocht foirne le haghaidh taighdeoirí ó institiúidí agus eagraíochtaí nach dtagann faoi réim institiúidí an Phríomhthaighdeora agus an Chomh-Phríomhthaighdeora. Ach ní féidir ach costais chomhoibrithe amháin (agus ní costais phearsanra) a leithdháileadh ar institiúidí/eagraíochtaí den chineál sin, agus is gá go mbeadh luach breise na gcostas sin léirithe **go láidir**. Ní bheidh ach na costais a thabhaítear le linn shaolré na dámhachtana incháilithe.

Réimse costais agus treoir	Snáithe 2B
Costais Foirne Féach thuas.	Is ea
Costais Taistil Is féidir costais le haghaidh taistil, maireachtála agus lóistín a iarraidh. Ba cheart sonraí maidir le líon na dturas, suíomh, cuspóir agus fad na dturas a chur ar fáil, chomh maith le sonraí faoi na baill foirne atá i gceist. Ba cheart go mbeadh iarratais ar thaisteal agus ar lóistín i gcomhréir le rátaí institiúideacha agus noirm a bhaineann le taisteal agus lóistín. Ní costas incháilithe é taisteal sa ghrád gnó.	Is ea
Comhoibriú Costais chun tacú le cuimsiú lucht déanta beartas, an tsochaí shibhialta agus comhpháirtithe eile sa tionscadal taighde beartaithe, go háirithe sa tír nó sna tíortha comhpháirtíochta.	Is ea Uasmhéid de 10% de chostais iomlána an tionscadail
Tomhaltáin Is féidir trealamh seachas trealamh TF a bhfuil luach nach mó ná €1 mhíle aige a chur san áireamh anseo.	Uasmhéid incheadaithe: €5,000
Rochtain ar bhonneagar taighde Bonneagar taighde taobh amuigh den óstinstiúid amháin atá bailí ó thaobh costas de.	Is ea
Foilseacháin agus aschuir thaighde, lena n-áirítear Costais i dtaobh bainistíú sonraí, cartlannú, digitiú agus stóráil rochtana oscailte.	Is ea
Scaipeadh agus Malartú Eolais Costais a bhaineann le scaipeadh an taighde, freastal ar sheimineáir/chomhdhálacha (cuir sonraí ar fáil faoi ainm agus suíomh áit ar féidir) agus cainéil eile scaipthe agus ábhair m.sh. tuairiscí, suíomh gréasáin, srl. agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le malartú eolais.	Is ea
Comhairleacht Ní mór don chomhairleacht a bheith ábhartha agus bailí.	Suas le huasmhéid €10,000
Forchostais Baineann forchostas le gach costas díreach seachas costais trealaimh. Baineann forchostas le hinstiúidí an Phríomhthaighdeora in Éirinn agus an Leas-Phríomhthaighdeora sa tír a bhfuil comhpháirtíocht aici le Cúnamh Éireann.	25%

Trealamh Cuir sonraí ar fáil le do thoil maidir le haon earraí trealaimh atá á iarraidh agus an bonn cirt a bhaineann leo. Díreoidh an Chomhairle go háirithe ar aon trealamh a iarrtar (m.sh. ríomhairí glúine, taifeadáin gutha, srl). Beidh réasúnaíocht láidir ag teastáil maidir le hiarratais dá leithéid chomh maith le cur síos ar na fáthanna nach bhféadfaí earraí dá leithéid a chur ar fáil don iarratasóir ó fhoinsé eile ar bith.	Is ea
--	--------------

RANNÁN 5: Togra a Ullmhú

5.1 Pleananna bainistíochta sonraí

In 2016, ghlac an Coimisiún Eorpach le trí sprioc maidir le beartas taighde agus nuálaíochta an AE: eolaíocht oscailte, nuálaíocht oscailte, agus oscailte don domhan⁵. Gné thábhachtach den eolaíocht oscailte ná an t-athrú i dtreo rochtain oscailte ar thorthaí taighde a mhaoinítear le hairgead poiblí. Trí rochtain ar na torthaí sin a éascú, spreagtar athúsáid an aschuir taighde. Bhí an eolaíocht agus an taighde i gcónaí oscailte, ach ní raibh cuid de na próisis a bhaintear úsáid astu i dtáirgeadh taighde agus i scaipeadh a thorthaí i gcónaí oscailte. Aithnítear anois go forleathan go gcruthaíonn inrochtaineacht torthaí taighde do na gníomhaithe sochaíocha ar fad eolaíocht níos fearr agus níos éifeachtaí, agus go dtarlaíonn níos mó nuála sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha dá bharr.

Ní mór d'iarratasóirí aghaidh a thabhairt ar riachtanais bhainistíochta sonraí a dtionscadail taighde. Mar chuid den iarratas, cuirfidh iarratasóirí Plean Bainistíochta Sonraí (PBS) achomair ar fáil atá oiriúnach dá dtionscadal agus, má éiríonn leo, déanfar PBS mionsonraithe a chur faoi bhráid na Comhairle, mar aon leis an gcéad tuairisc ar dhul chun cinn, sé mhí tar éis thús na dámhachtana. Mura bhfuil PBS ag teastáil, ní mór d'iarratasóirí údar a thabhairt leis seo.

Is **príomhghné** de bhainistíocht sonraí mhaith é PBS. Déanann PBS cur síos ar shaolré bainistíochta sonraí do na sonraí atá le bailiú, le próiseálú agus/nó le giniúint sa phíos taighde. Mar chuid den phróiseas sonraí taighde a dhéanamh *infhaighte, inrochtana, idirbrioch agus inathúsáidte* (FAIR), **ba cheart do PBS eolas a chur ar fáil faoi:**

- láimhseáil sonraí taighde i rith agus tar éis dheireadh an tionscadail;
- cén sonraí a bhaileofar, a phróiseálfar agus/nó a ghinfear;
- cén modheolaíocht agus caighdeán a chuirfear i bhfeidhm;
- cibé an roinnfear/a chuirfear ar fáil go hoscailte na sonraí nó a mhalairt. Murar féidir na sonraí a chur ar fáil, cén fáth;
- conas a dhéanfar na sonraí a choimeád agus a chaomhnú (lena n-áirítear tar éis dheireadh an tionscadail).

Tá tuilleadh eolais faoi **Bheartas Rochtana Oscailte** na Comhairle le fáil thíos.

Ní mór d'iarratasóirí a bheith feasach faoin [Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí \(RGCS\)](#) agus ba cheart do thograí maoinithe na caighdeán riachtanacha ina leith a chomhlíonadh. Tá naisc le hacmhainní breise ar fáil in Aguisín 6 faoi PBSanna agus príonsabail FAIR.

⁵ An Coimisiún Eorpach (2016), [Nuálaíocht Oscailte, Eolaíocht Oscailte, Oscailte don Domhan: fíis don Eoraip](#), leathanaigh 6-7.

5.2 Próiseas na n-iarratas

Déanfaidh an Príomhthaighdeoir iarratas a chur isteach agus leas á bhaint as tairseach iarratais na Comhairle um Thaighde in Éirinn (*Cliste Simplí*). Mura bhfuil próifíl úsáideora ag an iarratasóir cheana, caithfidh sé ceann a chruthú sular féidir leis iarratas a sheoladh isteach. Déan tagairt le do thoil don **Treoir d'Iarratasóirí** ar líne atá le fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle. Tá fáil ar nótaí teorach agus nótaí córais araon.

Ní mór d'iarratasóirí a chur in iúl don oifig taighde (nó d'oifig ábhartha eile) ina n-institiúid go bhfuil sé i gceist acu iarratas a chur isteach don scéim. Má dhéanann an t-iarratasóir **stocaireacht** nó má dhéantar ar a s(h)on í, beidh an t-iarratas neamh-incháilithe go huathoibríoch. Nuair a tharlaíonn sé seo, ní rachaidh an t-iarratas níos faide ar aghaidh sa chomórtas.

Glactar le hiarratais faoi Shnáithe 2B i mBéarla amháin. Glacfar le hiarratais faoi Shnáithe 1 as Gaeilge nó as Béarla amháin. Chun meastóireacht an Bhoird Idirnáisiúnta Measúnaithe as Béarla a éascú, moltar d'iarratasóirí atá ag cur iarratais isteach i nGaeilge, aistriúchán Béarla den iarratas a chur isteach. Mura gcuireann an t-iarratasóir aistriúchán Béarla ar fáil, cuirfidh an Chomhairle aistriúchán ar fáil don Bhord Idirnáisiúnta Measúnaithe.

Molann an Chomhairle go láidir d'iarratasóirí an t-iarratas a sheoladh isteach tríd an gcóras ar líne **tamall maith roimh** dháta deiridh an chomórtais ar an lá a dtagann deireadh leis an ngairm. Is dócha go mbeidh trácht trom ar an bhfreastalaí, rud a d'fhéadfadh moill a chur ar thaisceadh do thogra. Chun fadhbanna le trácht trom ar an bhfreastalaí a sheachaint, ná fan go dtí lá deiridh na gairme chun d'iarratas a sheoladh isteach. Más gá duit d'iarratas a uaslódáil, bí cinnte go dtugtar an uaslódáil chun críche ina hiomláine.

5.4 Ceisteanna Coitianta

Má tá aon cheist agat maidir leis na téarmaí agus coinníollacha seo, nó faoi fheidhmiú na scéime seo go ginearálta, ba cheart iad a chur faoi bhráid Oifig/Oifigeach Taighde ábhartha na hInstitiúide Ardoideachais nó na hEagraíochta Déanta Taighde i dtús báire. Ar mhaithe le trédhearcacht agus cothroime do na hiarratasóirí ar fad, ní phléifidh Feidhmeannach na Comhairle ceisteanna ar an nguthán.

Ba cheart don Oifigeach Taighde ainmnithe laistigh d'institiúidí incháilithe liosta de na ceisteanna ar fad nár réitigh an Oifig Taighde a sheoladh mar bhaisc chuig projects@research.ie. Déanfar an leathanach Ceisteanna Coitianta ar shuíomh gréasáin na Comhairle um Thaighde in Éirinn a thabhairt suas chun dáta ar bhonn seachtainiúil suas go dtí an 1 Lúnasa 2019.

Chun mionsonraí a fháil faoi na nósanna imeachta agus na critéir mheastóireachta do COALESCE, féach leat Aguisín 3.

RANNÁN 6: Eolas do shealbhóirí dámhachtainí rathúla

6.1 Freagrachtaí ginearálta na bPríomhthaighdeoirí

Tá sealbhóirí dámhachtainí faoi cheangal ag Téarmaí agus Coinníollacha na Comhairle, ag an litir thairisceana agus an litir ghlactha, lena n-áirítear riachtanais shonracha na gcomhlachtaí maoiniúcháin comhpháirtíochta, nósanna imeachta maidir le monatóireacht deontas agus earcaíocht, agus rialúcháin airgeadais. Más rud é go sáraíonn sealbhóirí dámhachtana Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime, coinníollacha na litreach tairisceana, an fhoirm ghlactha, nósanna imeachta

monatóireachta deontas nó rialaithe airgeadais, ansin d'fhéadfaí cosc a chur ar an deontáí ainmnithe iarratas a dhéanamh ar dhámhachtainí eile na Comhairle um Thaighde in Éirinn amach anseo. Oibreoidh an Chomhairle leis an bPríomhthaighdeoir aonair ainmnithe maidir le bainistíocht tionscadail agus tuairisciú.

6.2 Cuntasacht Airgeadais

Is í an Institiúid Ardoideachais/Eagraíocht Déanta Taighde Éireannach a bheidh freagrach as úsáid cheart an Chiste Dámhachtana agus cuntasach as. Coimeádann an Chomhairle an ceart aige féin dearbhú a éileamh ó Iníúcháirí Eachtracha de chuid na hInstitiúide Ardoideachais/Eagraíochta Déanta Taighde maidir leis na rudaí seo a leanas:

- Go bhfuil cuntais bhliantúla na hInstitiúide Ardoideachais/Eagraíochta Déanta Taighde suas chun dáta agus gur fhaomh na hIníúcháirí iad gan choinníoll.
- Nár tharraing an litir bhainistíochta ó na hIníúcháirí aníos aon cheist a raibh nó a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar riar na ndámhachtainí a bhronn an Chomhairle.
- Gur úsáideadh an t-airgead a fuarthas faoin dámhachtain chun na críocha ar ceapadh chucu í.

Coimeádann an Chomhairle freisin an ceart aici féin iniúchtaí na hInstitiúide Ardoideachais/Eagraíochta Déanta Taighde Éireannaí a choimisiniú ar mhaithe le comhlíonadh airgeadais agus eile. Cuireann an Institiúid Ardoideachais/Eagraíocht Déanta Taighde Éireannach roimpi a bheith ina héascaitheoir ar na hathbhreithnithe seo.

Ní ghlacann an Chomhairle aon fheagracht airgeadais nó eile as caiteachas ná as dliteanais a eascraíonn as obair a rinneadh faoin dámhachtain, lena n-áirítear obair i dtíortha comhpháirtíochta (Snáithe 2B), agus ní mór don Institiúid Ardoideachais/Eagraíocht Déanta Taighde Éireannach an Chomhairle a shlánú go hiomlán ar aon chaiteachas ná dliteanais den chineál sin, agus ar aon chaingne, imeachtaí, costais, damáiste, nó éilimh a eascraíonn astu, lena n-áirítear go háirithe, ach gan teorainn, ar aon éilimh ar chúiteamh a bhféadfadh an Institiúid Ardoideachais/Eagraíocht Déanta Taighde Éireannach a bheith faoi dhliteanas ina leith mar fhostóir nó eile, nó ar aon éilimh a dhéanann aon duine maidir le haon mhaoin intleachtúil. Tabharfaidh an Institiúid Ardoideachais/Eagraíocht Déanta Taighde Éireannach ar ais aon mhaoiniú nár caitheadh don Chomhairle ag deireadh na tréimhse maoinithe.

Tá gach dámhachtain faoin scéim seo faoi réir cistiú a bheith á fháil ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Má chuirtear deireadh lena leithéid de chistiú nó má laghdaítear é, ní bheidh an Roinn ná an Chomhairle um Thaighde in Éirinn faoi dhliteanas ar bith cistiú a chur ar fáil ná cúiteamh a dhéanamh le dámhachtaí ná lena (h)óstinstitiúid as aon laghdú ná aon stad ar an gcistiú sin. Déantar gach suim atá iníoctha i leith na dámhachtana a íoc go díreach leis an óstinstitiúid a dhéanann comhordú ar na híocaíochtaí faoin dámhachtain. Is de réir ghnáthchleachtas na hInstitiúide agus threoirlínte na Roinne Airgeadais a dhéanfaidh óstinstitiúid gach íocaíocht faoin scéim seo.

6.3 Athbhreithniú ar Dhul Chun Cinn

Leagann an Chomhairle tábhacht shuntasach ar nósanna imeachta chun monatóireacht a dhéanamh ar an scéim seo. Beidh an maoiniú ag brath ar léiriú i dtuairiscí rialta i scríbhinn go bhfuil dul chun cinn leordhóthanach á dhéanamh. Is é an príomhthaighdeoir amháin atá freagrach as a áirithiú go dtaisctear na tuairiscí seo faoi na dátaí dlite. Muna dtaisctear na tuairiscí seo faoi na dátaí a cheanglaítear nó má chuirtear isteach tuairisc mhíshásúil, d'fhéadfadh an Chomhairle deontas a chalcadh agus/nó a chealú dá bharr. Nuair a chealaítear deontas, beidh cead ag an gComhairle aisghabháil an airgid a dhámhadh faoin Scéim seo a lorg. Ar aon nós, coinneofar siar céatadán áirithe den Dámhachtain chun a chinntiú gur cuireadh an tionscadal i gcrích mar ar bhealach sásúil.

D'fhéadfadh gach tionscadal a bheith faoi réir iniúchadh seachtrach taighde agus airgeadais. Tá sé mar phríomhaidhm ag an iniúchadh seo bunaidhmeanna an tionscadail a fhíorú agus a fháil amach an ndearnadh dul chun cinn mar a sonraíodh. Féadfaidh an t-iniúchadh taighde piarmheasúnú, cuairt ar an suíomh agus cur i láthair tionscadail a chuimsiú i rith an tionscadail agus i ndiaidh chríochnú an tionscadail. Beidh ar an bpríomhthaighdeoir taifead iomlán taighde agus admhálacha deimhnithe caiteachais a choinneáil.

6.4 Na riachtanais maidir le tuairisciú tásach:

Cineál na Dámhachtana	Na riachtanais maidir le tuairisciú
Gach dámhachtain COALESCE	Tuairisciú ar Dhul Chun Cinn: An chéad tuairisc 6 mhí tar éis tosaithe & go leathbhliantúil ina dhiaidh sin (ag brath ar fhad na dámhachtana). Tuairisc dheiridh nuair a chríochnófar é.

Tabhair faoi deara: D'fhéadfadh go mbeadh riachtanais maidir le tuairisciú ag baint le Snáitheanna 1C, 1E, 1F, 1J agus 2B de bhreis ar na cinn atá luaite thuas. Féach an bhileog eolais maidir le snáitheanna chun na mionsonraí ar fad a fháil.

6.5 Dámhachtain a iarchur

Ní ceadmhach dámhachtainí a iarchur, ach amháin i gcás sosanna gairme cáilithe (m.sh. saoire mháithreachais nó tuismitheora) nó i gcásanna eisceachtúla (m.sh. breoiteacht). Tá an cinneadh seo faoi rogha na Comhairle agus is ag an Chomhairle atá an cinneadh deiridh. Sa chás go n-aontaítear an Dámhachtain a chur ar fionraí, féadfaidh an Chomhairle iarratais ó dhámhachtaithe ar shintí ar an Téarma Maoiniúcháin a bhreithniú mura bhfuil costais bhreise i gceist leo.

6.6 Dámhachtain a fhoirceannadh

Sa chás nach féidir le dámhachtaí a thionscadal a dhéanamh de réir na dTearmaí agus na gCoinníollacha seo ar chúis ar bith (cúiseanna sláinte san áireamh), ní foláir dó an Chomhairle agus an oifig taighde nó a comhionann san Institiúid Ardoideachais/Eagraíocht Déanta Taighde Éireannach a chur ar an eolas chomh luath agus is féidir. Ní mór don dámhachtaí é seo a dhéanamh tráth nach déanaí ná coicís tar éis a leithéid de chás a bheith curtha ar a shúile dó. Sna cásanna sin, cuirfidh an Chomhairle gnáthchleachtaí Institiúid Ardoideachais/Eagraíocht Déanta Taighde Éireannach an dámhachtaí san áireamh. I bhfianaise an bhoinn ar a mbronntar na dámhachtainí, áfach, coimeádann an Chomhairle an ceart aici féin an dámhachtain a tharraingt siar nó a chur ar fionraí.

Coimeádann an Chomhairle an ceart an dámhachtain a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh agus/nó aisíocaíocht a éileamh ón Institiúid Ardoideachais/Eagraíocht Déanta Taighde Éireannach, atá ina fhaighteoir den chiste dámhachtana, de chuid de na híocaíochtaí nó na híocaíochtaí ar fad a rinneadh cheana féin don dámhachtaí, más amhlaidh i dtuairim na Comhairle go raibh sárú ábharthach de na Téarmaí agus Coinníollacha mar atá leagtha amach sa doiciméad seo.

6.7 Admháil na Comhairle

Is riachtanas sainráite é gur gá do dhámhachtaithe rathúla an maoiniú atá faighte acu ón gComhairle um Thaighde in Éirinn a aithint. Aon phoiblíocht, lena n-áirítear léachtaí, agallaimh, sínithe r-phoist, cinn litreach, comharthaí oifige, foilseacháin, monagraif, ábhair chlóbhuailte, ábhair ar líne,

preasráitis, fógraí teilifíse agus raidió, suíomhanna gréasáin, scannáin agus taifeadtaí físeáin agus fuaimne bainteach le nó a eascraíonn as taighde a rinne an dámhachtaí fad agus a bhí sé ag fáil na dámhachtana ón gComhairle, ní mór a admháil inti go bhfuair an dámhachtaí cistiú ón **‘gComhairle um Thaighde in Éirinn’**. Sa chás seo, úsáidfídh an dámhachtaí an teideal dámhachtana COALESCE Chomhairle um Thaighde in Éirinn agus é ag déanamh cumarsáide faoin tionscadal, is cuma cén fhormáid a úsáideann sé. I gcás inar féidir, ní mór lógó(nna) na Comhairle a chur san áireamh in aon admháil den chineál sin (is féidir an lógó a íoslódáil ó [shuíomh gréasáin na Comhairle](#)).

Ní mór do dhámhachtaithe teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle (communications@research.ie) roimh dóibh páirt a ghlacadh in aon imeachtaí suntasacha, mar shampla, má tá siad ag fáil dámhachtana nó má tá siad ag glacadh páirt in imeachtaí a bhfuil spéis nó tionchar náisiúnta acu agus más rud é go bhfuil baint aige sin leis an taighde atá á dhéanamh acu agus atá á mhaoiniú ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn.

I gcás snáitheanna 1E, 1F agus 1J, áit a bhfuil snáithe á mhaoiniú go hiomlán ag comhpháirtí nó gníomhaireacht rialtais, ní mór go n-aithneodh an tionscadal an maoiniú seo. Áit a bhfuil snáithe á chomhaoiniú ag an gComhairle agus ag roinn nó gníomhaireacht rialtais, 1C agus 2B, ní mór an maoiniú dúbailte sin a admháil.

6.8 Faomhadh Eiticiúil

Tá an Chomhairle tiomanta d’ardchaighdeán a choimeád i dtaobh eitice sa taighde a mhaoiníonn sí. Ní mór go mbeadh treoirínite soiléire eiticiúla agus nósanna imeachta dearbhaithe i bhfeidhm ag an Ósteagraíocht chun taighde faoina stiúir a bhainistiú. Ceanglaítear ar gach dámhachtaí dianmhachnamh a dhéanamh ar shaincheisteanna eiticiúla a d’fhéadfadh teacht aníos le linn a chuid taighde.

Má thagann saincheisteanna eiticiúla aníos ina gcuid taighde, beidh ar dhámhachtaithe ráiteas i scríbhinn a chur faoi bhráid na Comhairle le rá go ndearnadh machnamh críochnúil ar impleachtaí eiticiúla an togra thaighde. Ní foláir don ráiteas seo léiriú níos mionsonraithe a thabhairt ar an réiteach atá ar intinn ag an dámhachtaí maidir leis an tsaincheist eiticiúil atá tagtha aníos. Áit ar gá faomhadh a fháil ón gCoiste um Eitice san Ollscoil, nó ó chomhlacht chomhionann ina (h)Ósteagraíocht, do thogra taighde an dámhachtaí, caithfear fianaise i scríbhinn den fhaomhadh eiticiúil sin a chur faoi bhráid na Comhairle sula dtagann an dámhachtain i bhfeidhm.

Ba chóir do Dhámhachtaithe cloí leis na cleachtais eiticiúla agus leis na bunphrionsabail eiticiúla aitheanta a bhfuil glacadh leo ina ndisciplín(i), agus leis na caighdeáin eiticiúla arna leagan síos sna Cóid Eitice éagsúla náisiúnta, eanála nó institiúideacha. Ní foláir don Ósteagraíocht agus don Dámhachtaí a chinntiú go gcomhlíonann an taighde na riachtanais rialála náisiúnta agus idirnáisiúnta uile a rialaíonn úsáid ábhar nó próiseas íogair, mar shampla na nithe seo a leanas (agus ní liosta uileghabhálach é seo): iseatóip radaighníomhacha, radaíocht ianúcháin, ainmhithe saotharlainne nó ainmhithe eile, orgánaigh phataigineacha, orgánaigh ghéinmhodhnaithe, substaintí tocsaineacha agus guaiseacha, agus taighde ar dhaoine agus ar shuthanna daonna.

Má bhíonn teacht ar ábhar cartlainne atá i gcoimeád príobháideach, nó ar ábhar cartlainne ar a bhfuil teacht teoranta ag teastáil le haghaidh an tionscadail, beidh gá le fianaise scríofa ar chead cuí breathnú ar an ábhar seo a chur ar fáil don Chomhairle.

6.9 Ionracas Taighde

Ní mór don Ósteagraíocht a áirithiú go gcoimeádtar an leibhéal is airde d’iompar taighde. Ní mór don Ósteagraíocht a chinntiú go bhfuil córais i bhfeidhm chun mí-iompar taighde a bhainistiú (m.sh. bradaíl, falsú sonraí, roghnú míchuí sonraí). Ní mór na córais a phoibliú go soiléir, mar aon le

nósanna imeachta comhaontaithe chun líomhaintí de mhí-iompar taighde a fhiosrú. Ní mór do na córais ailíniú leis na bunphrionsabail atá mar bhunús ag an ionracas agus dea-chleachtas taighde mar atá leagtha amach sa ráiteas beartais ar [‘Ionracas Taighde a Chinntiú in Éirinn’](#) agus sa [‘Cód Iompair Eorpach maidir leis an tSláine Taighde’](#).

6.10 An Ghné Ghnéis/Inscne

Is gá do gach dámhachtaí breithniú cúramach a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil gné fhéideartha ghnéis a d’fhéadfadh teacht chun cinn i rith a thionscadail. Tá tuilleadh eolais/treoirilínte le fáil in Aguisín 4. Nuair atá dámhachtaí páirteach in eagrú painéil comhdhála, líonraithe nó scaipthe a bhaineann le taighde atá maoinithe ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn, ba chóir an aird chuí a thabhairt ar chothroime ghnéis ina leithéid de phainéal. Tá Straitéis & Plean Gníomhaíochta na Comhairle maidir le hInscne 2013-2020 le fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

6.11 Maoin Intleachtúil/Aistriú Eolais

Ní mhaíonn an Chomhairle go bhfuil cearta aici maidir le maoin intleachtúil a eascraíonn ón dámhachtain. Tacaíonn an Chomhairle, áit ar cuí, le tráchtálú aschuir taighde mar atá leagtha amach i [bPrótacal um Maoin Intleachtúil na hÉireann 2019](#). Ar an mbonn sin, do thionscadail atá maoinithe faoin scéim seo, beidh úinéireacht ag an Institiúid Ardoideachais ar an maoin intleachtúil thulrach. Éilíonn an Chomhairle go mbeadh maoin intleachtúil chúlra gafa go soiléir sula gcuirtear tús leis an tionscadal agus go bhfuil sé soiléir cé aige a bhfuil teacht ar an maoin intleachtúil chúlra sin agus go bhfuil dearbhuithe déanta ar an mbonn sin. Caithfear cloí leis an dea-chleachtas trí leabhair nótaí agus taifid a choinneáil. Is féidir téarmaí fabhracha a phlé má tá an Institiúid Ardoideachais den tuairim gur ar mhaithe le leas an Stáit é sin. Ní mór don Ósteagraíocht/do na hÓsteagraíochtaí rialacha agus nósanna imeachta a bhunú chun aon mhaoín intleachtúil a thagann chun cinn le linn na dámhachtana a chosaint agus a bhainistiú. Caithfidh na rialacha agus nósanna imeachta seo a bheith de réir treoirilínte náisiúnta.

I gcás taighde comhoibríoch nuair atá níos mó ná Ósteagraíocht amháin i gceist, ní mór comhaontú taighde (lena n-áirítear tagairt do chearta maoine intleachtúla agus rúndacht) a bheith curtha i bhfeidhm sular féidir tús a chur leis an Dámhachtain. Níor chóir do théarmaí aon chomhaontas den chineál sin bheith ag teacht salach orthu sin atá leagtha amach sa doiciméad seo. Ní mór cóip d’aon chomhaontú taighde a bunaíodh maidir leis na tionscadail bhronnta faoin scéim a chur ar fáil don Chomhairle.

6.12 Beartas Rochtana Oscailte

Tá an beartas seo a leanas maidir le foilseacháin agus aschuir thaighde a chur ar fáil i dTaisclanna Rochtana Oscailte bunaithe ag an gComhairle agus cuirfidh sí chun cinn é. (Glactar leis go mbeadh cásanna aitheanta ann nach mbeifí in ann an méid seo a leanas a dhéanamh; ina leithéid de chásanna, ba chóir don Phríomhthaighdeoir teagmháil a dhéanamh lena (h)Oifig Taighde nó a comhionann, pé áit ar bainteach, chun comhairle a fháil):

- Ní mór do gach Príomhthaighdeoir a bhfoilseacháin agus a n-aschuir thaighde eile, atá mar thoradh go hiomlán nó go páirteach ar thaighde maoinithe ag an gComhairle, a thaisceadh i dtaisclann Rochtain Oscailte agus ba cheart go mbeadh na foilsíucháin sin infhaighte go poiblí, go mbeadh teacht orthu go héasca agus go hoscailte agus gur féidir iad a athúsáid chomh luath agus is féidir;
- Ba cheart gach alt irisleabhair agus gach foilseachán comhdhála a bhfuil piarmheasúnú déanta orthu a thaisceadh chomh luath agus is féidir: go hídéalach, ag an am céanna a ghlacann irisleabhar/comhdháil leis agus ní nach déanaí ná dáta an fhoilseacháin fhoirmeálta;

- Ba cheart aschuir thaighde eile amhail monograif, leabhair, caibidlí leabhair, tráchtas agus tuairiscí taighde a thaisceadh áit ar féidir;
- Ba cheart go mbeadh an taisclann ina taisclann institiúideach áitiúil más féidir agus ba chóir na cearta cuí a bhronnadh uirthi macasamhlú chuig taisclanna eile. Is ionann taisclanna cuí idir áitiúil agus eile, áfach agus iadsan a chuireann rochtain phoiblí saor in aisce ar fáil agus a dhéanann foráil do chaomhnú fadtéarmach cinntí taighde foilsithe.

Ba chóir do thaisclanna na meiteashonraí a scaoileadh láithreach i ndiaidh an taiscthe. Ba cheart Rochtain Oscailte a chur ar fáil don pháipéar téacs iomlán i ndiaidh taiscthe nó chomh luath agus a bheidh srianta rochtana, faoi mar a éilíonn foilsitheoirí áirithe, as feidhm.

Ba cheart do thaighdeoirí téarmaí taisce a chomhaontú le foilsitheoirí. Ba cheart soiléire a éileamh faoi bheartas cóipchirt, ceadúnaithe agus lánchoisc agus caithfear beartais chomhaontaithe le foilsitheoirí a chomhlíonadh. Féadfar srianta teachta ar ailt téacs iomlána a fheidhmiú de réir mar a éileoidh foilsitheoirí áirithe; é sin ráite, de ghnáth níor chóir do na srianta seo dul thar 6 mhí tar éis a bhfoilsíú i gcás foilsíúcháin eolaíochta, teicniúla agus eolaíochta sláinte agus 12 mhí i gcás aschuir thaighde sna healaíona, sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta. É sin ráite, aithníonn an Chomhairle nach rogha indéanta é seo i ngach cás, agus i gcásanna den chineál seo, féadfar lánchosc suas go dtí 24 mhí a cheadú sna healaíona, sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta, ach tá sé seo faoi réir athbhreithnithe leanúnaigh.

Tá tuilleadh eolais faoi [Bheartas Rochtana Oscailte](#) na Comhairle le fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

Cibé uair ar gá sonraí a bhailiú le tacaíocht dámhachtana a bhronn an Chomhairle agus/nó a comhpháirtithe, ní mór do na hiarratasóirí na modhanna ina gcuirfear na sonraí sin ar fáil mar leas poiblí a shonrú le haghaidh úsáide taighdeoirí eile, cartlanna sonraí náisiúnta, taisclanna institiúideacha agus cainéil chuí eile.

Tá sé de cheart ag dámhachtaithe na Comhairle um Thaighde in Éirinn an taisclann ar mhaith leo a bhfoilseacháin a thaisceadh inti a roghnú. É sin ráite, molann an Chomhairle go n-úsáidfí taisclanna sainiúil don ábhar d'fhoilseacháin, áit a bhfuil a leithéid de thaisclanna ann. De rogha air sin, is féidir le dámhachtaithe taisclanna ilchuspóireacha ar nós [Zenodo](#) a úsáid.

D'fhoilseacháin sa réimse Eolaíochtaí Beatha, is í an taisclann a mholtar ná [Europe PubMed Central](#), agus d'fhoilseacháin sna hEolaíochtaí Fisiciúla agus Innealtóireachta, moltar [arXiv](#) a úsáid. I gcás foilseacháin ó na hEolaíochtaí Sóisialta agus na Daonnachtaí, moltar [Cartlann Sonraí Eolaíochta Sóisialta na hÉireann](#) agus [Taisclann Dhigiteach na hÉireann](#) a úsáid, faoi seach.

Is í an taisclann a mholtar do mhonagraif, do chaibidlí leabhair agus d'fhoilseacháin téacsanna fada eile ná Leabharlann [OAPEN](#).

6.13 Dámhachtainí Breise

Níl sé i gceist dámhachtain COALESCE a chur in áit nó a chur le cistiú atá le fáil faoi ghníomhaíochtaí taighde cláir (lena n-áirítear i dtíortha comhpháirtíochta do Shnáithe 2B). Féadfar COALESCE a shealbhú i gcomhar le sparánachtaí taistil, deontais trealamh nó dámhachtainí eile atá maoinithe go seachtrach, ar an goinníoll:

- gur luadh an dámhachtaí mar chuid dá n-iarratas (fiú mura n-éilítear é seo) go bhfuil dámhachtain COALESCE acu, dá mba rud é go bhfuil an dámhachtaí ag déanamh iarratais ar mhaoiniú eile ó fhoinsé eile, agus go gcuirfear é seo in iúl don Chomhairle sula gcuirtear isteach an t-iarratas.
- nach bhfuil luach maoiniúcháin eile níos mó ná €100,000 ina aon bhliain ar leith i rith thréimhse na dámhachtana. Tuigeann an Chomhairle, áfach, go bhfuil seans ann go mbronnfaí

dámhachtainí ó am go ham, ar fiú níos mó ná an teorainn seo iad, ar dhámhachtaí go neamhspleách le linn théarma na dámhachtana, le haitheantas a thabhairt d'fhíorfhiúntas an dámhachtaí sin. Ina leithéid de chásanna, moltar do dhámhachtaithe go bhfuil cead acu, i gcásanna eisceachtúla, agus ar bhonn cás ar chás amháin, a leithéid de mhórdhámhachtainí pearsanta a bheith acu in éineacht leis an maoiniú atá curtha ar fáil ag an gComhairle. Caithfear cead na Comhairle a fháil roimh ré sula nglactar lena leithéid de dhámhachtainí breise.

- ní mór do dhámhachtaí a bhfuil foinsí maoinithe eile aige/aici (seachas iad siúd a íoctar trí fhostaíocht) ar nós deontais taistil, srl., na hoifigí cuí ina (h)Institiúid Ardoideachais/Eagraíocht Déanta Taighde Éireannach agus an Chomhairle a chur ar an eolas i scríbhinn faoi mhéid agus faoi fhoinse an mhaoinithe. Caithfear an t-eolas seo a bhreacadh síos sna tuairiscí riachtanacha ar dhul chun cinn freisin. Baineann sé seo le maoiniú taighde a fhaightear roimh, nó i rith thréimhse na Comhaltachta.
- go n-aontaíonn an maoinitheoir/na maoinitheoirí eile gur ceadmhach an dámhachtain COALESCE ón gComhairle a shealbhú ag an am céanna lena ndámhachtain féin. Ní bheidh baint ná páirt ag an gComhairle sna cinntí a dhéanann eagraíochtaí maoiniúcháin eile/údaráis áitiúla ina leith sin.

Is é an dámhachtaí féin, agus ní an Chomhairle ná an Institiúid Ardoideachais/Eagraíocht Déanta Taighde Éireannach, a bheidh freagrach as saincheistanna ó thaobh cánach de a eascraíonn de dhroim sparánachtaí nó dámhachtainí dá leithéid.

6.14 Freagrachtaí na hÓsteagraíochta (Institiúidí Ardoideachais/Eagraíochtaí Déanta Taighde)

Ní mór don Ósteagraíocht na ceadanna riachtanacha agus reachtúla go léir a fháil agus cloí leo faoi mar atá leagtha síos ag na húdaráis áitiúla agus náisiúnta maidir le cosaint an chomhshaoil, truailliú a bhac agus cosaint níos leithne ar shláinte agus ar shábháilteacht na sochaí a áirithiú.

Beidh ar iarratais a bheith formhuinithe tríd an bhfeidhmchlár tairsí Cliste Simplí ar líne ag an Ósteagraíocht laistigh de sheachtain ó spriocdháta na gairme.

Tá an Institiúid Ardoideachais/Eagraíocht Déanta Taighde freagrach as na háiseanna agus rochtain ar threalamh atá ag teastáil ón dámhachtaí le linn dó a thaighde a dhéanamh a chur ar fáil, ag cinntiú go ndéantar cothabháil cheart ar an trealamh agus na hábhair ar fad a chuirtear ar fáil leis an dámhachtain.

6.15 Dínit i Stiúradh na Taighde

Tacaíonn an Chomhairle le córas taighde ina gcuirtear ar a gcumas do thaighdeoirí lán a n-acmhainneachta a bhaint amach ag gach céim dá ngairm. Tá scoláirí agus a gcuid maoirseoirí i dteideal a gcuid taighde a chur i gcrích gan aon chineál ciaptha, íospartha ná bulaíochta. Tá an fhreagracht ar institiúidí ardoideachais timpeallacht chuí oibre a áirithiú agus déileáil go tapa le gearán nó fadhb ar bith, i gcomhréir leis na gnáthaimh chasaoide atá comhaontaithe. Tá ráiteas iomlán na Comhairle ar an dínit i mbun taighde le fáil [anseo](#).

Tá foireann go léir na Comhairle i dteideal go gcaithfí leo go múinte measúil i gcónaí agus, dá réir sin, spreagtar iad chun tuairisc a thabhairt don lucht bainistíochta ar chás sáraithe ar bith. I gcásanna ina dtéann iompar maslach nó iompar míchuí i bhfeidhm ar bhaill foirne, coimeádann an Chomhairle aici féin an ceart chun tuairisc a thabhairt ar an iompar sin do na daoine cuí san institiúid ardoideachais só san eagraíocht eile lena mbaineann an duine.

6.16 Coinníollacha Ginearálta na Dámhachtana

Beidh na Téarmaí agus na Coinníollacha seo faoi rialú dhlí na hÉireann agus forléireofar dá réir sin iad, agus géillfidh gach páirtí do dhlínse Chúirteanna na hÉireann go sainráite agus go neamhinchúlghairthe.

Agus beartais Rialtas na hÉireann maidir le forbairt Sochaí Faisnéise á leanúint, caithfear le cumarsáid leictreonach atá fíordheimhnithe go cuí a bheith ar aon dul dlíthiúil le seoladh isteach páipéir. Ní mór don Chomhairle agus don Institiúid Ardoideachais/Eagraíocht Déanta Taighde dea-chleachtas a chomhlíonadh maidir le cosaint, bainistiú agus slándáil sonraí. Ní bheidh an Chomhairle faoi aon dliteanas dlíthiúil de dheasca cur isteach arna dhéanamh ag tríú páirtí.

Tá sé mar choinníoll má ghlactar le dámhachtain go dtugann dámachtaí cead don Chomhairle sonraí a roinnt faoin iarratas le ranna rialtais agus gníomhaireachtaí maoinithe náisiúnta eile chun críocha staitisticiúla agus ceapadh beartais.

Coimeádann an Chomhairle an ceart Téarmaí agus Coinníollacha na dámhachtana a athleasú am ar bith is mian léi. Cuirtear aon athleasú den chineál sin in iúl d’Institiúidí Ardoideachais/Eagraíochtaí Déanta Taighde rannpháirteacha agus foilseofar iad ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

AGUISÍN 1

Snáithe 1C: Clár Taighde 2019 Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

Ceann de Thosaíochtaí Straitéiseacha (2019-2021) Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) ná *Troid i gcoinne an chiníochais agus tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn*. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfí i gcoinne an chiníochais agus na fuathchainte ionas go gcothófaí glacadh leis an éagsúlacht agus meas ar dhínit gach duine, agus tá IHREC, mar an institiúid a bhíonn ag plé le cearta an duine agus comhionannas, tiomanta do ról ceannaireachta a ghlacadh maidir le troid i gcoinne an chiníochais agus an tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn.

Tá an Snáithe seo á chómhaoiniú ag IHREC agus ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn faoin gCiste Taighde COALESCE 2019.



Réamhrá

Is éard is Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ann ná institiúid náisiúnta na hÉireann um chearta an duine agus comhionannas. Is comhlacht neamhspleách é a thuairiscíonn don Oireachtas, agus tá mandáid aige a bunaíodh faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014.

Is é cuspóir IHREC ná cearta an duine agus comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn, cultúr a chur chun cinn ina léirítear meas ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar an tuiscint idirchultúrtha, tuiscint agus feachtas a spreagadh ar thábhacht chearta an duine agus an chomhionannais, agus streachailt ar mhaithe le díbirt an leatroid ar chearta an duine, agus an idirdheallaithe.

Tá cúig chomhalta déag sa Choimisiún, arna gceapadh ag an gCeann Stáit, an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn, agus is iadsan go neamhspleách a chinneann obair an Choimisiúin. Tá de mhandáid ag IHREC an bonn fianaise maidir le comhionannas agus cearta an duine a fhorbairt mar atá dearbhaithe in alt 10(2)(j) agus alt 10(2)(p) d'Acht 2014:

j) cúnamh airgeadais nó eile a dhéanamh, a choimisiúnú nó a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus oideachais, nó urraíocht a dhéanamh dóibh;

(p) tuairiscí a réiteach agus a fhoilsiú, de réir mar a mheasann sé a bheith cuí, lena n-áirítear tuairiscí ar aon taighde a rinne sé, ar thug sé urraíocht dó, a choimisiúnaigh sé nó ar chabhraigh sé leis faoi mhír (j).

I [Ráiteas Straitéise 2019-2021](#) IHREC, gealltar i dTosaíocht Straitéiseach 2 'Tionchar a imirt ar reachtaíocht, beartas agus cleachtas', go leanfar de chinnteoireacht bunaithe ar fhianaise a fhorbairt trí chlár taighde gníomhach leantach.

Na Riachtanais maidir le Ciste Taighde COALESCE 2019 na Comhairle um Thaighde in Éirinn agus Clár Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

Tríd an gClár seo, táthar ag féachaint le cur le forbairt an bhoinn fianaise feidhmí maidir le cearta an duine agus comhionannas d'fhonn tacú le cinnteoireacht straitéiseach IHREC, an Stáit agus na sochaí sibhialta. Ní mór go mbeadh baint dhíreach ag aon mholtaí le mandáid IHREC agus lena *Ráiteas Straitéise 2019-2021*, agus go háirithe le gealltanas IHREC ina Straitéis, na gnéithe seo a leanas a chur chun tosaigh go réamhghníomhach:

Troid i gcoinne an chiníochais agus tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn: *Cur i gcoinne an chiníochais agus na fuathchainte ionas go gcothófaí glacadh leis an éagsúlacht agus meas ar dhínit gach duine. Táimid tiomanta do ról ceannaireachta a ghlacadh maidir le troid i gcoinne an chiníochais agus an tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn*

Moltar d'iaratasóirí machnamh a dhéanamh ar na spriocanna i *Ráiteas Straitéise 2019-2021* atáthar ag iarraidh baint amach.

Go sainiúil, is é aidhm an Chláir ná tograí a lorg ón bpobal taighde maidir le staidéir fheidhmeacha ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas in Éirinn:

- a bheidh bunaithe ar smaointe nua agus forbairtí idirdisciplíneacha agus trasdisciplíneacha i réimsí acadúla a bhfuil baint acu le cearta an duine agus leis an gcomhionannas;
- a thacódh le hobair IHREC ar an gCreat Náisiúnta Pleanála 'Éire 2040 ár bPlean', go háirithe Cuspóir Beartais Náisiúnta 30, 'Plean le haghaidh sochaí níos ilchineálaí agus níos ionchuimsithí ar bhonn sóisialta, ina ndírítear ar chomhionannas deiseanna agus cáilíocht beatha níos fearr do na saoránaigh go léir, agus é sin bunaithe ar chuimsiú feabhsaithe agus ar rochtain níos fearr maidir le soláthar pobal inbhuanaithe agus na seirbhísí bainteacha'.

Ba cheart go gcuirfí san áireamh sa 'ghairm oscailte' seo i gcomhair tograí taighde conas a thabharfadh an staidéar mandáid IHREC chun tosaigh agus conas a thacódh sé le cur i bhfeidhm *Ráiteas Straitéise 2019-2021*, agus go háirithe gealltanas IHREC ina Straitéis, na gnéithe seo a leanas a chur chun tosaigh go réamhghníomhach: ***'Troid i gcoinne an chiníochais agus tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn'*** mar atá leagtha amach thuas.

Tá na téamaí seo a leanas aitheanta sa Chlár:

- Troid i gcoinne an chiníochais agus tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn i sochaí ilnáisiúnta il-eitneach na hÉireann, ina bhfuil an éagsúlacht ag méadú de shíor;
- Forbairt tuisceana idirchultúrtha i measc leanaí agus daoine óga in Éirinn;
- Eispéiris na bpobal eitneach mionlaigh ar sheirbhísí poiblí agus/nó príobháideacha in Éirinn, agus a rochtain orthu sin;
- Cumas na bpobal eitneach mionlaigh, fostaíocht a rochtain agus a taithí sa láthair oibre in Éirinn;
- Eispéiris agus rochtain na bpobal eitneach mionlaigh ar rannpháirtíocht agus ionadaíocht sa pholaitíocht in Éirinn;
- Eispéiris na bpobal eitneach mionlaigh ar chearta dlí a fháil in Éirinn.

Caithfidh tograí a bheith bainteach go díreach leis na riachtanais a bhfuil cur síos orthu thíos:

- Ba cheart go léireodh na tograí feasacht ar an mbeartas agus an taighde atá ann cheana sa réimse agus go míneoidís conas mar a chuirfidh an togra leis an taighde atá foilsithe cheana agus le haon taighde ábhartha eile náisiúnta agus idirnáisiúnta;

- Ba cheart go míneofaí sna tograí conas a fhorbróidh siad léargais nua ar cheisteanna tábhachtacha agus/nó conas a rachaidh siad i ngleic le heasnamh ó thaobh fianaise, beartais nó na reachtaíochta de.

Déanfar athbhreithniú ar na tuairiscí deiridh faoi Théarmaí agus Coinníollacha na dámhachtana. Cuimsíonn seo piarmheasúnú á dhéanamh ag daoine seachtracha agus athbhreithniú á dhéanamh ag an ngníomhaireacht atá ina hurraitheoir.

Riachtanais Iarratais

Ní mór d'iarratasóirí a bheith in ann a léiriú conas mar a fhorbróidh an taighde beartaithe an phunann scileanna taighde atá acu cheana agus conas mar a rachaidh sé i gcion ar a múinteoireacht nó a gcleachtais.

Thairis sin, ní mór d'iarratasóirí a léiriú cé chomh luachmhar is atá a dtogra do na pobail beartais agus/nó seirbhísí. Féach leat rannán a ceathair chun sonraí a fháil faoi chostais incháilithe.

Is gá don tionscadal maoinithe tosú i Ráithe 1 2020 agus go dtabharfaí chun críche é laistigh de 15 mhí.

Beifear ag súil go rachadh na dámhachtaithe a n-éireoidh leo i gcomhairle go rialta le IHREC agus go mbeadh teagmháil acu leis an gClár:

- Ainmneoidh IHREC duine teagmhála sonraithe;
- Ba cheart cuireadh a thabhairt don IHREC páirt a ghlacadh in aon ghrúpa stiúrtha nó struchtúr comhairleach, nó ainmnitheach a sholáthar dó, i gcás go dtionólfai a leithéid chun tacú leis an tionscadal taighde;
- Ba cheart don dámhachtaí rathúil sceideal cruinnithe a aontú le IHREC;
- Caithfear dul i gcomhairle le IHREC maidir le seoladh agus scaipeadh na dtorthaí;
- Is gá do dhámhachtaithe na riachtanais maidir le nótaí buíochais a chomhlíonadh mar atá leagtha amach ag an [gComhairle um Thaighde in Éirinn](#) agus IHREC;
- Ní mór do dhámhachtaithe cloí leis na riachtanais maidir le tuairisciú mar atá leagtha amach i rannán a sé de Théarmaí agus Coinníollacha COALESCE agus an méid seo a leanas a sholáthar do IHREC (mar atá iarrtha ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn): tuairisc eatramhach ag 6 agus 12 mhí, mar aon le tuairisc staidéir, lena n-áireofar achoimre fheidhmeach, a chur faoi bhráid IHREC nuair a bheidh an staidéar críochnaithe;
- Is gá do dhámhachtaithe dul chun cainte le IHREC d'fhonn plean scaipthe agus rannpháirtíochta a fhorbairt, cabhrú le hullmhú ábhar cumarsáide, machnamh a dhéanamh ar iarratais chun páirt a ghlacadh in imeachtaí scaipthe, agus a bheith ar fáil le haghaidh cruinnithe laistigh de IHREC faoi thorthaí an staidéir.

Chuige sin:

Lorgáítear iarratais ar:	
Achar ama	15 mhí ó thús an tionscadail
Teorainn mhaoinithe de réir tionscadail	Uasmhéid €100,000 (lena n-áirítear forchostais ag 25%)

Snáithe 1E: Dámhachtaí Taighde um Shláinte Ghnéis agus Toircheas Géarchéime

Is é Clár um Shláinte Ghnéis agus Toircheas Géarchéime FSS atá ag maoiniú an tSnáithe seo mar chuid de Chiste Taighde COALESCE 2019 na Comhairle um Thaighde in Éirinn.



Sláinte Ghnéis &
Clár um Thoirchis Ghéarchéime
**Sexual Health &
Crisis Pregnancy Programme**

Réamhrá: Clár um Shláinte Ghnéis agus Toircheas Géarchéime FSS

Is clár de chuid na dtosaíochtaí beartais náisiúnta é Clár um Shláinte Ghnéis agus Toircheas Géarchéime (CSGTG) Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), agus tá sé suite laistigh d'fheidhm Straitéise agus Pleanála Náisiúnta FSS. Is é atá freagrach as an Straitéis Náisiúnta um Shláinte Ghnéis 2015–2020 a chur i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm ag an straitéis an tsláinte ghnéis agus an fholláine phobail a fheabhsú agus torthaí diúltacha i dtaca leis an tsláinte ghnéis a laghdú. Tá béim láidir á leagan sa straitéis ar fhorbairt agus úsáid an eolais chun tacú le cinnteoireacht ionas gur féidir sláinte an daonra a fheabhsú. Is moladh lárnach de chuid na straitéise é cur leis an mbonn fianaise reatha chun tuiscint a ghnóthú ar na treochothaí nua a bhaineann le toircheas géarchéime agus leis an tsláinte ghnéis agus chun tabhairt faoi thionscnaimh taighde nua d'fhonn dul i ngleic leis na heasnamh atá san eolas. Féach leat <http://sexualwellbeing.ie/about/corporate-publications> le haghaidh tuilleadh eolais.

Cuirtear béim láidir in SHCPP FSS ar phleanáil agus ar chleachtas a bhfuil an fhianaise ina bonn leo. Go dtí seo, ba ghnéithe tábhachtacha iad an taighde agus an t-aistriú eolais den chaoi a ndearna SHCPP FSS a ghnó thar raon réimsí, lena n-áirítear tacú le forbairtí sa bheartas náisiúnta; pleanáil seirbhísí cláir; treoirlinnte a fhorbairt maidir le cleachtas; agus tionscnaimh agus acmhainní i dtaca leis an gcumarsáid agus an oideachas a chur ar bun, a mhonatóiriú agus a mheas. Tá an corpas taighde agus na foilseacháin atá ann cheana ar fáil ag: <http://sexualwellbeing.ie/for-professionals/research>

Na Riachtanais le haghaidh Ciste Taighde COALESCE 2019

Tá SHCPP FSS ag féachaint le tograí a lorg ón bpobal taighde acadúil, atá bunaithe ar smaointe nua a bhaineann leis an mbeartas náisiúnta i dtaca le toircheas géarchéime agus/nó leis an tsláinte ghnéis in Éirinn. Is díol spéise do SHCPP FSS go háirithe staidéir taighde a bhfuil fócas feidhmeach acu atá dírithe ar dhul i ngleic leis na heasnamh eolais atá ann faoi láthair sna réimsí cleachtais agus soláthar seirbhísí a bhaineann go díreach lena chlár oibre, agus a thacóidh le forbairt creataí nua chun aghaidh a thabhairt ar na heasnamh sin.

Is iad na haidhmeanna atá ag SHCPP FSS, agus é ag tacú leis an scéim maoinithe taighde seo, ná:

- A áirithiú go bhfuil SHCPP FSS ag coinneáil suas leis na treochothaí atá ag teacht chun cinn, a bhaineann go díreach leis an mbeartas náisiúnta i dtaca le toircheas géarchéime agus leis an tsláinte ghnéis.
- Clár taighde SHCPP FSS a láidriú chun go mbeadh sé mar bhonn agus taca ag an gcleachtas agus ag an mbeartas i réimsí an toirchis ghéarchéime agus na sláinte gnéis.
- An acmhainneacht acadúil agus an saineolas i réimsí a bhaineann le hobair SHCPP FSS a fhorbairt a thuilleadh.

Ba cheart go gcuirfeadh an ‘ghairm oscailte’ seo ar thograí taighde feidhm SHCPP FSS agus an corpas fianaise atá aige cheana féin san áireamh. Ba cheart go ndéanfaidh sé peirspictíochtaí nua nó bearnaí eolais san fhianaise, nó réimsí spéise ábhartha, a shainaithint. **Caithfidh** tograí a bheith bainteach go díreach leis na riachtanais a bhfuil cur síos orthu anseo, fócas feidhmeach a bheith acu, agus léargais nua ar phríomhcheistanna a bheith mar thoradh orthu.

Fáiltíonn SHCPP FSS go háirithe roimh thograí ina bhfuiltear ag féachaint le léargais a thabhairt ar an soláthar seirbhísí ginmhillte in Éirinn ó tugadh sin isteach ar an 1 Eanáir 2019, ionas gur féidir tuiscint níos fearr a fháil ar na heispéiris, ar na dúshláin agus ar an gcastacht a bhaineann le cur i bhfeidhm na seirbhíse nua seo. Is spéis le SHCPP FSS freisin iarratais ina dtugtar aghaidh ar réimsí oibre ábhartha eile.

Éilíonn SHCPP FSS go léireodh tograí a dhéantar mar fhreagra ar an ‘ngairm oscailte’ le haghaidh tionscadal neamh-réamhshainithe, feasacht ar thaighde atá ann cheana sa réimse, agus go míneoidís conas mar a chuirfidh an togra le taighde atá foilsithe cheana agus le taighde bainteach eile go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus ba cheart go mbeifí in ann luach na dtograí a léiriú i leith an bheartais náisiúnta agus/nó i leith pobail sheirbhíse.

Riachtanais Iarratais

Ní mór d’iarratasóirí a bheith in ann léiriú conas mar a fhorbróidh an taighde beartaithe an phunann scileanna taighde atá acu cheana agus conas mar a rachaidh sé i gcion ar a múinteoireacht nó a gcleachtais.

Féach leat rannán a ceathair chun sonraí a fháil faoi chostais incháilithe.

Is gá don tionscadal maoinithe tosú i Ráithe 1 2020 agus go dtabharfaí chun críche é laistigh de 15 mhí.

Beifear ag súil go rachadh na dámhachtaithe a n-éireoidh leo i gcomhairle go rialta le SHCPP FSS.

- Ainmneoidh SHCPP FSS duine teagmhála sonraithe.
- Ba cheart grúpa stiúrtha nó struchtúr comhairleach a chur ar bun chun tacú leis an tionscadal taighde. Moltar cur síos a dhéanamh ar bhaill an ghrúpa nó an struchtúir sin san iarratas.
- Ba cheart cuireadh a thabhairt do SHCPP FSS chun páirt a ghlacadh in aon ghrúpa stiúrtha nó struchtúr comhairleach, nó ainmnitheach a sholáthar dó, i gcás go dtionólfai a leithéid chun tacú leis an tionscadal taighde.
- Caithfear dul i gcomhairle le SHCPP FSS maidir le seoladh agus scaipeadh na dtorthaí.
- Ní mór do dhámhachtaithe cloí leis na riachtanais maidir le nótaí buíochais mar atá leagtha amach ag an [gComhairle um Thaighde in Éirinn](https://www.sexualwellbeing.ie/about/) agus i gClár um Shláinte Ghnéis agus Toircheas Géarchéime FSS. <https://www.sexualwellbeing.ie/about/>
- Cloí leis na riachtanais maidir le tuairisciú mar atá sonraithe i rannán a sé de Théarmaí agus Coinníollacha COALESCE, mar a comhaontaíodh le Clár um Shláinte Ghnéis agus Toircheas Géarchéime FSS tar éis na dámhachtana.
- Ba cheart gur aschuir de chineál praiticiúil a bheadh i gceist, agus go bhféadfaí iad a úsáid mar bhonn leis an gcleachtas agus leis an mbeartas.
- Beidh gá le soláthar dréacht-thuairiscí do SHCPP agus do ghrúpa stiúrtha an tionscadail le haghaidh a n-athbhreithnithe, mar aon le tuairisc deiridh ardcháilíochta, ar féidir í a fhoilsiú. Moltar go gcuirfí nósanna imeachta maidir le dearbhú cáilíochta nó moltóireacht san áireamh sa togra.

Chuige sin:

Lorgaítear iarratais ar:	
Achar ama	15 mhí ó thús an tionscadail
Teorainn mhaoinithe de réir tionscadail	Uasmhéid €100,000 (lena n-áirítear forchostais ag 25%)

Snáithe 1F: Gradam Taighde na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige

Modhanna, uirlisí agus prionsabail atá comhthéacs-íogair a fhorbairt le haghaidh téarmaíocht ionchuimsitheach agus teanga oiriúnach d'fhonn ionadaíocht a dhéanamh do dhaoine a chaith tréimhse ama sna hinstiúidí a nglaoitear Árais Mháithreacha is Leanaí orthu agus in instiúidí gaolmhara, agus a n-eispéiris sna hinstiúidí sin.

Is é an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige atá ag maoiniú an tSnáithe seo mar chuid de Chiste Taighde COALESCE 2019 na Comhairle um Thaighde in Éirinn.



An Roinn Leanaí
agus Gnóthaí Óige
Department of Children
and Youth Affairs

Réamhrá

Tá an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ag lorg tograí don staidéar taighde thuasluaite. Is freagairt é an staidéar do mholtaí a rinneadh sa chéad tuairisc de chuid Fhóram Chomhoibríoch na nIar-Chónaitheoirí in instiúidí a nglaoitear Árais Mháithreacha is Leanaí orthu agus in Instiúidí Gaolmhara (féach leat <https://www.dcy.gov.ie/cat/EN/Mother-and-Baby-Homes/130.htm>), de réir mar a d'fhaomh an Rialtas ar an 16 Aibreán 2019.

Tá an staidéar taighde seo éagsúil ón gCoimisiún Imscrúdúcháin reachtúil neamhspleách (Árais Mháithreacha is Leanaí agus Cúrsaí Gaolmhara Áirithe), a bhfuil imscrúdú á dhéanamh aige ar cheisteanna is cúis inné don phobal i ndáil leis na hinstiúidí sin (<http://www.mbhcoi.ie/mbh.nsf/page/index-en>). Bhunaigh an Rialtas an Coimisiún Imscrúdúcháin in 2015 chun cuntas iomlán a chur ar fáil faoinar tharla do mhná agus leanaí in instiúidí dá leithéid le linn na tréimhse 1922 go dtí 1998.

Sa chúigiú tuairisc de chuid an Choimisiúin, luaitear 'gur rómhaith a thuigean an Coimisiún an phian a fhulaingíonn na daoine a chaith tréimhse ama sna hinstiúidí sin agus a muintir nuair a fheiceann siad focail agus téarmaí in úsáid nach féidir glacadh leo a thuilleadh. Tá doiciméad stairiúil á scríobh ag an gCoimisiún, agus mar sin, tá sé deacair a leithéid sin de théarmaí a sheachaint go huile is go hiomlán'.⁶

Meastar go gcuirfear tuairisc dheiridh an Choimisiúin faoi bhráid an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige i bhFeabhra 2020, agus is cúnamh suntasach a bheidh sa tuairisc nuair a bheifear ag iarraidh tacú leis an staidéar taighde molta, agus é a chur i gcomhthéacs.

Meastar go gcuirfidh an staidéar taighde seo le hobair thábhachtach an Choimisiúin. Sa chomhthéacs seo, is é cuspóir an staidéir taighde ná cur le moltaí an Fhórim Chomhoibríoch, agus chuige sin, is gá modhanna, prionsabail agus uirlisí atá comhthéacs-íogair a fhorbairt, a thástáil agus a scaipeadh d'fhonn téarmaíocht agus teanga choiteann a chruthú, ó thaobh an dearcaidh idirthréimhsigh de. Ní mór don dearcadh sin cothromaíocht a bhaint amach idir an gá iomlán fáil réidh le húsáid lipéad stairiúil atá mailíseach, maslach agus dímhéasúil, agus an gá le téarmaí aisiríocha/múnlú teanga a chur chun cinn mar chuid den phlé reatha polaitíochta, beartais agus poiblí; ní mór dó freisin aitheantas a thabhairt do thionchar na dtéarmaí stairiúla/an mhúnlaíthe stairiúil ar eispéiris saoil na ndaoine a chaith tréimhse ama sna hinstiúidí ábhartha; agus a aithint san am céanna gurb iad na lipéid stairiúla seo atá ina mbonn le sonrú aon soláthair seirbhísí Stáit atá ag amharc chun cinn.

⁶ Coimisiún Imscrúdúcháin na nÁras Máithreacha is Leanaí (2019) *An Cúigiú Tuairisc Eatramhach*, 15 Márta, lch. 2. 32

Tá an staidéar á mhaoiniú ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige faoin gClár Fianaise chuig Beartais (CFcB), clár taighde agus gníomhaíochtaí atá dírithe ar thiomsú agus roinnt eolais, d'fhonn úsáid fianaise taighde a bhaineann le beartais a ghiniúint, agus tacú léi. Is cuid é de ghníomhaíochtaí níos cuimsithí maidir le taighde, sonraí agus measúnú, agus is é an aidhm atá leis ná ceapadh beartas a chur chun cinn atá bunaithe ar fhianaise, d'fhonn tacú le torthaí níos fearr le haghaidh leanaí agus daoine óga. Is sprioc de chuid CFcB freisin tuiscint a éascú ar na buntáistí a bhaineann le ceapadh beartas atá bunaithe ar fhianaise i measc raon níos leithne páirtithe leasmhara, agus chuige sin, aschuir ardchaighdeán inrochtana a chruthú agus a scaipeadh.

Tá cur síos gearrid ar na comhlachtaí ábhartha agus a gcuid oibre ar fáil thíos:

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (<https://www.dcy.gov.ie/baile.asp>)

Bunaíodh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige mar aireacht thiomanta iomlán ar an 2 Meitheamh 2011. Tugtar le chéile sa Roinn cuid mhaith príomhréimsí beartais agus soláthair ar mhaithe le leanaí, daoine óga agus teaghlaigh. Is é an príomhchúram atá ar an Roinn ná réimse tiomantas a chur ar aghaidh, mar atá leagtha amach i gClár Rialtais chomhleantacha agus sa doiciméad *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga, 2014-2020* (BOBF), agus anuas air sin, clár oibre athchóirithe uailmhianach maidir le leanaí agus seirbhísí teaghlaigh a stiúradh. Tá na heagraíochtaí seo a leanas faoi chúram na Roinne: TUSLA (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach), Údarás Uchtaithe na hÉireann, Campas Ionaí Choinneála Bhaile an Oibricigh agus Oifig an Ombudsman do Leanaí.

An tAonad Taighde agus Meastóireachta

Tá Aonad Taighde agus Meastóireachta na Roinne freagrach as riachtanais na Roinne maidir le taighde agus le fianaise, i ndáil le príomhthosaíochtaí beartais na Roinne agus an Rialtais, a chomhlíonadh le tacú le ceapadh beartas atá bunaithe ar fhianaise. Tá roinnt príomhfheidhmeanna ag an Aonad Taighde agus Meastóireachta:

- *Ag Fás Aníos in Éirinn* an staidéar náisiúnta fadaimseartha ar leanaí in Éirinn a mhaoirsiú, a bhainistiú agus tacaíocht a thabhairt dó;
- Measúnú, lena n-áirítear tacú leis an Roinn ar ghealltanais an Rialtais maidir leis an gCód Caiteachais Phoiblí agus an Cíogal Athbhreithnithe ar Chaiteachas (m.sh. Measúnuithe ar Luach ar Airgead);
- Gníomhú don Roinn mar aonad de Sheirbhís Eacnamaíoch agus Measúnaithe Rialtas na hÉireann;
- Sonraí, staitisticí agus faisnéis, lena n-áirítear an tacar táscaire BOBF;
- An Clár Fianaise chuig Beartais, a sholáthraíonn taighde a bhaineann le beartais agus a chuireann tiomsú agus roinnt eolais chun cinn le freastal ar riachtanais fianaise na Roinne;
- Comhairle a chur ar aonaid bheartais sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus tacú leo, lena n-áirítear Aonad Imscrúdúcháin na nÁras Máithreacha is Leanaí, chun freastal ar na riachtanais atá acu maidir le taighde, measúnú agus sonraí.

Fóram Comhoibríoch Iar-Chónaitheoirí in Árais Mháithreacha is Leanaí agus Institiúidí Gaolmhara

Bunaíodh an Fóram Comhoibríoch chun freagairt go díreach don téama 'dada fúinn i ngan fhios dúinn', a tháinig chun cinn mar thoradh ar chomhairliúchán an Aire le hiar-chónaitheoirí sna hinstiúidí sin, agus a dtacadóirí. Is é cuspóir an Fhórait ná tacú le hiar-chónaitheoirí, iad a éascú agus iad a chumasú lena gcion a dhéanamh go gníomhach ar mhaithe le cinnteoireacht faoi chúrsaí a bhaineann leo féin agus lena muintir. Is léiriú iad na moltaí sa chéad tuairisc dá gcuid ar aschuir phlé an Fhórait agus a fhochoistí.

Na Riachtanais le haghaidh Ciste Taighde COALESCE 2019:

Tá an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ag lorg tograí faoin snáithe seo de ghairm COALESCE 2019 na Comhairle um Thaighde in Éirinn le haghaidh staidéar dar teideal, ‘Modhanna, uirlisí agus prionsabail atá comhthéacs-íogair a fhorbairt le haghaidh téarmaíocht ionchuimsitheach agus teanga oiriúnach d’fhonn ionadaíocht a dhéanamh do dhaoine a chaith tréimhse sna hinstiúidí a nglaoitear Árais Mháithreacha is Leanaí orthu agus in instiúidí gaolmhara orthu, agus a n-eispéiris sna hinstiúidí sin.’

Féachtar sa staidéar le fáil réidh le húsáid lipéad stairiúil atá mailíseach agus dímheasúil, agus téarmaí aisiríocha/múnú teanga a chur chun cinn mar chuid den phlé reatha polaitíochta, beartais agus poiblí; chun aitheantas a thabhairt do thionchar na dtéarmaí stairiúla agus an mhúnlaithe teanga ar eispéiris saoil grúpaí áirithe máithreacha agus leanaí agus an chaoi ar caitheadh leo; agus a aithint san am céanna gurb iad na lipéid stairiúla seo atá ina mbonn le sonrú aon soláthair seirbhísí Stáit atá ag féachaint le hamharc chun cinn.

Mar thoradh ar an staidéar, déanfar uirlisí agus prionsabail ghinearálta a fhorbairt agus a scaipeadh, a bheidh an earnáil phoiblí in ann a úsáid (soláthraithe seirbhísí Stáit agus lucht ceaptha beartais an Stáit go háirithe); mar aon le daoine a chaith tréimhse ama sna hinstiúidí sin, agus a dtacadóirí; agus, áit ar féidir, daoine eile a bhíonn ag obair le marthanóirí (mar shampla, daoine a bhfuil seirbhísí proifisiúnta á dtairiscint acu). Meastar go dtionscnóidh sin ‘éifeacht na haithrise’, agus go spreagarfeasacht agus tuiscint feabhsaithe dá bharr sa tsochaí i gcoitinne. Déanfar na huirlisí seo a thástáil agus a mhionathrú ar bhonn comhairliúcháin leo siúd a raibh tionchar díreach orthu ag an tréimhse ama a chaith siad sna hinstiúidí a nglaoitear Árais Mháithreacha is Leanaí orthu agus in instiúidí gaolmhara (m.sh., Instiúidí Contae, Instiúidí Protastúnacha), agus ar bhonn comhairliúcháin le páirtithe leasmhara eile.

Is iad spriocanna an staidéir:

1. Obair an Choimisiúin a athbhreithniú, mar shampla, tuairiscí i scríbhinn (go háirithe an tuairisc dheiridh a luaite is a bheidh sin foilsithe), taifid stairiúla agus anailísí d’eispéiris saoil i bhfoirm doiciméad d’fhonn an dearadh taighde agus na sainspriocanna a mhúnú i ndáil le huirlisí agus prionsabail chomhthéacs-íogair a fhorbairt.
2. Athbhreithniú a dhéanamh ar an litríocht idirnáisiúnta agus náisiúnta araon, chun modhanna, prionsabail, agus teimpléid/uirlisí féideartha breise a shainaithint agus a mhionathrú sa bhreis, a bhféadfaí iad a chur in oiriúint do chomhthéacs na hÉireann, mar shampla, foghlaim ó iarrachtaí tíortha eile, téarmaíocht atá míchruinn go stairiúil nó conspóideach a nuachóiriú nó an teanga a athmhúnú nó a athchur i gcomhthéacs; trí iarrachtaí, feachtais chumarsáide phoiblí agus faisnéise a fhorbairt, agus na feachtais sin ag feidhmiú laistigh de chreat ceartais idirthréimhsigh; treoirlínte le haghaidh soláthraithe seirbhísí; srl.
3. Tacar dréachta uirlisí/aschur agus prionsabal a chur ar fáil, a dhéanfaidh an méid seo a leanas
 - a. Gluais téarmaí chruinn a bhunú, a bhaineann go saineúil leis an ré ábhartha, ina leagtar amach an teanga a úsáidtear chun cur síos ar eispéiris na mban agus na leanaí a bhain leis na hinstiúidí gaolmhara éagsúla, lena háirithiú nach n-úsáidtear téarmaí stairiúla/teanga stairiúil atá maslach agus dímheasúil a thuilleadh.
 - b. Téarmaíocht/múnú teanga a mholadh, a mbeidh d’aidhm shoiléir acu fáil réidh le húsáid téarmaí stairiúla míchuí, agus téarmaí aisiríocha/múnú teanga aisiríoch a chur chun cinn, agus sa phróiseas sin, go dtabharfaí aitheantas do na heispéiris saoil a bhí acu siúd a chaith tréimhse ama sna hinstiúidí ábhartha; leas a bhaint as fianaise idirnáisiúnta; agus cur le torthaí an Choimisiúin.

- c. Tacú go gníomhach le húsáid na téarmaíochta/an mhúnlaith teanga choitinn seo, m.sh., trí threoirlínte atá comhthéacs-íogair, cumarsáid agus uirlisí scaipthe, srl.
 - d. Doiciméadú a dhéanamh ar an bhfoghlaim mhodheolaíoch atá ann mar thoradh ar chruthú na n-uirlisí agus na bprionsabail sin.
4. Tástáil a dhéanamh i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara ar na modhanna, prionsabail agus uirlisí a sainaithníodh, tríd an nGrúpa Comhairleach Taighde freisin, mar shampla; i gcomhairle leo siúd a chaith tréimhse ama sna hinstiúidí ábhartha; agus i gcomhairle le soláthraithe seirbhíse Stáit, an lucht ceaptha beartas agus, áit ar féidir, páirtithe eile a bhíonn ag obair le marthanóirí.
 5. Na huirlisí sin a mhionathrú ar bhonn aiseolais ó pháirtithe leasmhara, agus tacú le hiarrachtaí na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige chun úsáid uirlisí, prionsabail agus modhanna a chur chun cinn (m.sh., trína gcur faoi bhráid na bpríomhpháirtithe leasmhara; agus/nó trí imeacht nó seoladh tiomnaithe).

Baintear leas anseo as ‘modhanna’ mar ghearrscríobh chun doiciméadú cheisteanna modheolaíochta an staidéir seo a chur in iúl, chomh maith leis na bearta feidhmithe a úsáidtear chun uirlisí agus prionsabail ghinearálta a shainaithint, a fhorbairt, a thástáil agus a scaipeadh. An doiciméadú seo a dhéanfar ar an bhfoghlaim mhodheolaíoch, beidh sé úsáideach le haghaidh cásanna stairiúla nó reatha eile ina bhfuil gá sainaitheanta le teanga sheanchaite/mhaslach a athcheapadh agus le téarmaíocht choiteann a fhorbairt a bheidh oiriúnach i gcomhair comhthéacsanna reatha polaitíochta, sóisialta agus beartais.

Riachtanais Iarratais

Chun soláthar na spriocanna thuas a áirithiú, ba cheart go leagfaí amach i dtograí an cur chuige agus na modhanna atá beartaithe maidir leis an dearadh taighde, chomh maith le haon ní ábhartha eile. Ní mór aon impleacht eiticíúil nó cosanta sonraí a chur in iúl sa togra, go háirithe aon tsaincheist a bhaineann leis an reachtaíocht cosanta sonraí bainteach le RGCS, agus míniú a thabhairt ar an mbealach a rachfar i ngleic leis na saincheisteanna sin le linn an staidéir.

Ní mór léiriú sa togra go bhfuil an méid seo a leanas ag an iarratasóir

- Saineolas agus taithí mhodheolaíoch maidir le hanailís a dhéanamh a thacaíonn leis na spriocanna thuas, mar shampla, anailís insinte; teangeolaíocht; anailís ar an stair shóisialta.
- Eolas substainteach ar an litríocht ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta;aineolas ábhair ar na gnéithe stairiúla beartais agus institiúideacha, chomh maith leis na gnéithe ó thaithí, i ndáil leo siúd a chaith tréimhse ama sna hinstiúidí a nglaoitear Árais Mháithreacha is Leanaí orthu; agus ar an mbeartas reatha, agus ar na forbairtí dlí agus forbairtí gaolmhara eile, lena n-áirítear Coimisiún Imscrúdúcháin na nÁras Máithreacha is Leanaí agus an Fóram Comhoibríoch.

Ní mór an méid sin a bheith léirithe arís agus arís eile ag an bPríomhthaighdeoir; a choimre a sheoladh isteach ar thionscadail taighde chosúla a rinneadh cheana agus gearrchuntas ar gach tionscadal atá luaite. Caithfidh an Príomhthaighdeoir a chinntiú go bhfuil dóthain taithí agus sainleais ag na baill foirne chun a ndualgais mar chuid den tionscadal a chur i gcrích, agus chuige sin, mionsonraí na mball foirne beartaithe a sholáthar leis an iarratas, nó an dearbhú ábhartha a chur in iúl i scríbhinn do theagmhálaí na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige más amhlaidh go n-earcófar baill foirne tar éis do dhámhachtain a bheith bronnta.

Beifear ag súil leis go rachadh na dámhachtaithe a n-éireoidh leo i gcomhairle go rialta leis an Aonad Taighde agus Meastóireachta agus le hAonad Imscrúdúcháin na nÁras Máithreacha is Leanaí. Chuige sin:

- Beidh príomhtheagmhálaí san Aonad Taighde agus Meastóireachta (le haghaidh ceisteanna teicniúla) agus in Aonad Imscrúdúcháin na nÁras Máithreacha is Leanaí (le haghaidh ceisteanna faoi bheartais agus ceisteanna eile) ag labhairt go rialta leis an bPríomhthaighdeoir ag pointí tábhachtacha le linn an tionscadail.
- Beidh cruinniú tosaigh duine le duine ann ag tús an tionscadail idir an Príomhthaighdeoir agus an fhoireann taighde (más cuí), agus baill ainmnithe de chuid an Aonaid Taighde agus Meastóireachta agus Aonad Imscrúdúcháin na nÁras Máithreacha is Leanaí, chun cainéil chumarsáide a bhunú agus plé a dhéanamh ar na haschuir bheartaithe agus ar phróiseas foilseacháin na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige.
- Reáchtálfar cruinniú eatraimh nuair a gheofar an tuairisc ar dhul chun cinn lár téarma.
- Féadfar cruinnithe eile a eagrú de réir mar is gá, ach táthar ag súil go n-eagrófar an líon is lú.
- Bunófar Grúpa Comhairleach Taighde chun monatóireacht a dhéanamh agus chun comhairle a thabhairt maidir leis an tionscadal. Áireofar ar bhaill an ghrúpa ionadaithe ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige; an Príomhthaighdeoir agus páirtithe leasmhara eile arna gcinneadh ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (i gcomhairle leis an bPríomhthaighdeoir, de réir mar is gá).
- Tabharfaidh an Príomhthaighdeoir faoi chumarsáid leis an teagmhálaí ar leith ón Aonad Taighde agus Meastóireachta tráth nach déanaí ná coicís tar éis do mhoilleanna nó athruithe teacht chun cinn le linn an staidéir; i ndáil le táirgeadh aschur; nó ag aon tráth eile a chinneann an Príomhthaighdeoir gur cheart teagmháil a dhéanamh le seachadadh pras an tionscadail a áirithiú.
- Ba cheart cuireadh a thabhairt d'ionadaí ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige páirt a ghlacadh in aon ghrúpa stiúrtha nó struchtúr comhairleach, nó ainmnitheach a sholáthar dó, i gcás go dtionólfai a leithéid chun tacú leis an tionscadal taighde.
- Ba cheart don Phríomhthaighdeoir an teagmhálaí ón Aonad Taighde agus Meastóireachta a chur ar an eolas, agus dul chun cainte leis, má tá ar intinn aige nó ag a fhoireann (más ábhartha) a bheith rannpháirteach in imeachtaí tábhachtacha; nó in aon phleananna eile maidir le scaipeadh nó foilsiú, lena n-áirítear aschuir thánaisteacha, más amhlaidh a bhaineann na plananna sin leis an taighde atá maoinithe ag an Roinn. Caithfear an t-eolas sin a chur in iúl a luaithe agus is féidir agus tráth nach lú ná 15 lá oibre [trí seachtaine] roimh ré.

Aschuir

Glacann an Príomhthaighdeoir an cúram air féin na haschuir seo a leanas a chur ar fáil:

- Gluais téarmaíochta agus teanga stairiúla.
- Tacar uirlisí chun a) togra a dhéanamh maidir le téarmaíocht agus teanga chomhchoiteann; b) tacú le húsáid na téarmaíochta/teanga sin i measc príomhpháirtithe leasmhara, mar atá leagtha amach i riachtanais agus cuspóirí an staidéir.
- Tuairisc Thaighde, chomh maith le hAchoimre Fheidhmeach, ar thorthaí an staidéir, lena n-áirítear torthaí an athbhreithnithe ar an litríocht; agus tátail (m.sh. i ndáil leis an bhfoghlaim mhodheolaíoch; prionsabail; uirlisí; na príomhcheisteanna is toradh ar na comhairliúcháin a eagraíodh; srl).
- Oibreoidh an tAonad Taighde agus Meastóireachta i gcomhar leis an bPríomhthaighdeoir agus lena fhoireann chun Faisnéisiú Taighde a dhíorthú ón achoimre fheidhmeach. Is foilseachán cruachóipe 8 go 10 leathanach é seo, atá ar ardchaighdeán agus lándaite, ina ndéantar príomhthorthaí an staidéir a achoimriú; chomh maith le plé ar impleachtaí an staidéir. Gabhfar buíochas le hóstegraíocht an Phríomhthaighdeora.

- D'fhéadfadh go n-iarrfaí ar an bPríomhthaighdeoir nó ar bhall ainmnithe na foirne taighde suas le trí thaispeántas a chur faoi bhráid pháirtithe leasmhara na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir le torthaí agus impleachtaí tosaigh/agus/nó deiridh an taighde. Tabharfar cuireadh don Phríomhthaighdeoir, go sainiúil, freastal ar chruinniú den Ghrúpa Comhairleach Taighde chun na torthaí, impleachtaí agus tograí tosaigh a phlé i dtaca le modhanna, uirlisí agus prionsabail.

Riachtanais maidir le hAschuir

- Beidh an Tuairisc Thaighde faoi réir próiseas piarmheasúnaithe, a bheidh á dhéanamh ag athbhreithneoir inmheánach amháin agus athbhreithneoir seachtrach amháin. Táthar ag súil leis go ndéanfaidh an Príomhthaighdeoir machnamh ar na saincheistanna a tháinig chun cinn sa phróiseas piarmheasúnaithe, agus an tuairisc á tabhairt chun críche aige, agus go gcuirfidh sé in iúl don Aonad Taighde agus Meastóireachta conas a chuathas i ngleic leis an aiseolas sin.
- Tá 'Beartas d'Fhoilseacháin Ghinearálta' agus 'Treoirlínte d'Údair' ag an Aonad Taighde agus Meastóireachta. Cuirfear fáilte roimh an bPríomhthaighdeoir na hacmhainní sin a úsáid nuair atá an tuairisc á cur le chéile aige/aici. Caithfear na nithe seo a leanas a dhéanamh ach go háirithe:
 - Séanadh cuí a úsáid sna Treoirlínte;
 - Buíochas a chur in iúl mar is cuí as tacaíocht na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige i scríbhinn agus ó bhéal, agus lógó na Roinne a chuimsiú san ábhar poiblíochta uile, lena n-áirítear léachtaí poiblí, agallaimh, foilseacháin chlóite agus ar líne, preasráitis, suímh ghréasáin, agus taifid fhíseáin, fhuaimne agus scannáin a bhaineann leis an taighde.

Chuige sin:

Lorgáítear iarratais ar:	
Achar ama	12 mhí ó thús an tionscadail
Teorainn mhaoinithe de réir tionscadail	Uasmhéid €60,000

Snáithe J: Gradam Taighde Met Éireann

Gnéithe Sochaíocha agus Iompair d'Úsáid Seirbhísí Aimsire agus Aeráide, Clár Taighde Met Éireann 2019.

Is é Met Éireann atá ag maoiniú an tSnáithe seo mar chuid de Chiste Taighde COALESCE 2019 na Comhairle um Thaighde in Éirinn.



Réamhrá

Is é misean [Met Éireann](#) ná aimsir agus aeráid na hÉireann a mhonatóiriú, a anailísiú agus a thuar, agus réimse faisnéise meitéareolaíochta ardcháilíochta agus faisnéis ghaolmhar a sholáthar dár gcustaiméirí.

Dírítear sa doiciméad beartaithe, “Gnéithe Sochaíocha agus Iompair d'Úsáid Seirbhísí Aimsire agus Aeráide, Clár Taighde Met Éireann 2019”, ar cheithre shainsprioc straitéiseacha, mar atá leagtha amach sa doiciméad [Plean Straitéiseach Met Éireann 2017–2027](#):

- Cuspóir 1.3: Seirbhís aimsire ardcháilíochta a sholáthar;
- Cuspóir 2.2: Táirgí agus seirbhísí ar leith a fhorbairt le haghaidh earnálacha atá íogair ó thaobh na haimsire agus na haeráide de;
- Cuspóir 2.3: Fáil ar tháirgí seirbhísí aeráide a chinntiú go forleathan agus a n-úsáid a chur chun cinn;
- Cuspóir 4.2: Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh maidir le neamhchinnteacht agus rioscaí aimsire, agus tuiscint ar iompar an duine ina bonn leis sin.

Tá an gradam taighde seo á thairiscint ag Met Éireann le go bhforbrófaí tuiscint shoiléir ar na gnéithe sochaíocha agus iompair a bhaineann leis an gcaoi a n-úsáideann saoránaigh na hÉireann an fhaisnéis aimsire agus aeráide. Tá léargais á lorg maidir le conas is féidir seirbhísí aimsire agus aeráide a fhorbairt chun go bhfreastalóidís níos fearr ar riachtanais úsáideoirí agus chun go dtacóidís le sochaí atá ullamh don aimsir agus don aeráid.

- Gnéithe Sochaíocha agus Iompair d'Úsáid Seirbhísí Aimsire agus Aeráide, Clár Taighde Met Éireann 2019

Na Riachtanais le haghaidh Ciste Taighde COALESCE 2019:

Tá “Gnéithe Sochaíocha agus Iompair d'Úsáid Seirbhísí Aimsire agus Aeráide, Clár Taighde Met Éireann 2019” roinnte ina dhá chuid: Cuid A (an aimsir) agus Cuid B (an aeráid), mar atá sonraithe thíos.

Cuid A) Úsáid Réamhaisnéisí agus Rabhadh Aimsire a Thuiscint:

Sa chéad chuid den taighde beartaithe (Cuid A), ba cheart go bhforbrófaí moltaí atá bunaithe ar fhianaise, chun seirbhísí aimsire poiblí Met Éireann a fhorbairt, lena chinntiú go gcuirfear réamhaisnéisí agus rabhaidh aimsire in iúl go héifeachtach, agus tuiscint ar iompar an duine á cur san áireamh leo. Ba cheart aird ar leith a dhíriú ar chur in iúl éifeachtach an riosca agus na neamhchinnteachta. Is ceart go mbeadh suirbhéanna agus comhairliúcháin ábhartha le húsáideoirí na seirbhísí aimsire ina mbonn leis na moltaí, agus go rachfaí i muintinn staidéar socheolaíochta agus síceolaíochta chun na moltaí sin a bhailíochtú.

Is iad aidhmeanna an tionscadail bheartaithe seo ná dul i gcomhairle leis na húsáideoirí deiridh chun a fháil amach cá háit a bhfaigheann siad a gcuid faisnéise faoin aimsir; conas a bhraitheann siad réamhaisnéisí agus rabhaidh, conas a fhreagraíonn siad dóibh, agus conas a ghníomhaíonn siad dá réir; agus na torthaí sin a úsáid chun fás réamhaisnéisí agus rabhaidh Met Éireann amach anseo a mhúnlú. Is díol spéise do Met Éireann é tuiscint a ghnóthú ar dhearcadh an phobail ar fhaisnéis aimsire dhóchúláíoch agus ar an léamh atá acu ar an bhfaisnéis sin. Is ábhar spéise dóibh freisin na héagsúlachtaí atá ann i measc an phobail maidir le húsáid agus léamh seirbhísí aimsire Met Éireann; m.sh. an pobal is gcoitinne vs. sainearnálacha fóillíochta nó eacnamaíochta.

Áirítear le seirbhísí aimsire poiblí Met Éireann réamhaisnéisí agus rabhaidh mheiteareolaíochta a scaiptear ar shuíomh gréasáin agus aipeanna Met Éireann, ar na meáin shóisialta agus ar mheáin thraidisiúnta amhail an teilifís agus an raidió.

Cé go bhfuiltear ag súil leis gurb iad saineolaithe san eolaíocht iompraíochta agus/nó sa chumarsáid eolaíochta a bheidh ag tabhairt faoin tionscadal, is é Met Éireann a sholáthróidh an fhaisnéis riachtanach faoina sheirbhísí meiteareolaíochta, mar aon lena chuid saineolais meiteareolaíochta.

Is iad seo a leanas na torthaí a mbeifear ag súil leo:

1. *Athbhreithniú ar an gcorpas saineolais atá ann cheana* (lena n-áirítear athbhreithniú ar an litríocht) sa réimse taighde seo;
2. *Suirbhé ar, agus comhairliúchán le* húsáideoirí seirbhísí aimsire. Anuas ar an eolas a gheofaí mar thoradh ar an suirbhé leathan, bheifí ag súil leis go bhfaighfí eolas níos mionsonraithe ó ghrúpaí níos lú. Ba cheart go ndéanfaí an suirbhé agus an comhairliúchán a dhearadh sa chaoi go mbeifí in ann a fháil amach conas agus cén fáth a bhfaigheann úsáideoirí a gcuid faisnéise aimsire, chun go mbeadh tuiscint ann ar conas a bhraitheann siad réamhaisnéisí agus rabhaidh, conas a fhreagraíonn siad dóibh, agus conas a ghníomhaíonn siad dá réir; agus chun go mbeadh tuiscint ann ar cén léamh atá acu ar neamhchinnteacht maidir le réamhaisnéisí aimsire. Is é aidhm an tsuirbhé agus an chomhairliúcháin freisin eolas a thiomsú ar na riachtanais reatha agus todhchaí atá ag úsáideoirí seirbhísí aimsire. Sa suirbhé agus sa chomhairliúchán, ba chóir go dtiomsófaí sonraí ón bpobal i gcoitinne agus ó roinnt mhaith grúpaí sainleasa, lena n-áirítear páirtithe leasmhara sna hearnálacha muirí, talmhaíochta agus fóillíochta;
3. Bunaithe ar an aschur ó (2), *measúnacht agus anailís* ar úsáid seirbhísí aimsire poiblí Met Éireann;
4. *Moltaí atá bunaithe ar fhianaise* chun seirbhísí aimsire poiblí Met Éireann a fhorbairt, lena chinntiú go gcuirfear réamhaisnéisí agus rabhaidh aimsire in iúl go héifeachtach, agus tuiscint ar iompar an duine á cur san áireamh leo. Ba cheart aird ar leith a dhíriú ar chur in iúl éifeachtach an riosca agus na neamhchinnteachta. Is ceart go mbeadh suirbhéanna agus comhairliúcháin ábhartha le húsáideoirí na seirbhísí aimsire ina mbonn leis na moltaí, agus go rachfaí i muinín staidéar socheolaíochta agus síceolaíochta chun na moltaí sin a bhailíochtú.

Cuid B) Úsáid phoiblí na Seirbhísí Aeráide a thuiscint:

Is éard is Seirbhísí Aeráide ann ná táirgeadh agus cur ar fáil sonraí agus táirgí aeráide ardcháilíochta le haghaidh an luchta cinnteoireachta, rud a thacóidh leis an tsochaí i gcoitinne agus a éascóidh forbairt agus measúnú straitéisí curtha in oiriúint agus maolaithe i ndáil leis an aeráid. Mar chuid dá Phlean Straitéiseach 2017–2027, tá Met Éireann tiomanta d'fhorbairt Seirbhísí Aeráide le freastal ar riachtanais úsáideoirí na hÉireann. Cé go bhfuil sciar mór d'úsáideoirí na Seirbhísí Aeráide laistigh d'earnálacha an rialtais agus an taighde, tá Cuid B den tionscadal beartaithe seo ag féachaint le tuiscint a ghnóthú ar riachtanais phobal na hÉireann maidir le Seirbhísí Aeráide.

Cé go bhfuiltear ag súil leis gurb iad saineolaithe san eolaíocht iompraíochta agus/nó sa chumarsáid eolaíochta a bheidh ag tabhairt faoin tionscadal, is é Met Éireann a sholáthróidh an fhaisnéis riachtanach faoina sheirbhísí aeráide, mar aon lena chuid saineolais aeráide.

Is iad seo a leanas na torthaí a mbeifear ag súil leo:

1. *Athbhreithniú ar an gcorpas saineolais atá ann cheana* (lena n-áirítear athbhreithniú ar an litríocht) sa réimse soláthair seirbhísí aeráide don phobal;
2. *Suirbhé ar, agus comhairliúchán* le húsáideoirí reatha agus féideartha seirbhísí aeráide. Anuas ar an eolas a gheofaí mar thoradh ar an suirbhé leathan, bheifí ag súil leis go bhfaighfí eolas níos mionsonraithe ó ghrúpaí níos lú. Ba chóir go ndéanfaí an suirbhé agus an comhairliúchán a dhearadh sa chaoi go mbeifí in ann a fháil amach conas agus cén fáth a bhfaigheann úsáideoirí an fhaisnéis aeráide, chun go mbeadh tuiscint ann ar conas a bhraitheann siad faisnéis aeráide, conas a fhreagraíonn siad di, agus conas a ghníomhaíonn siad dá réir; agus chun go mbeadh tuiscint ann ar cén léamh atá acu ar neamhchinnteacht maidir le réamh-mheas aeráide. Is é aidhm an tsuirbhé agus an chomhairliúcháin freisin eolas a thiomsú ar na riachtanais reatha agus todhchaí atá ag úsáideoirí seirbhísí aeráide. Sa suirbhé agus sa chomhairliúchán, ba chóir go dtiomsófaí sonraí ón bpobal i gcoitinne agus ó roinnt mhaith grúpaí sainleasa, lena n-áirítear páirtithe leasmhara sna hearnálacha muirí, talmhaíochta agus fóillíochta.
3. Bunaithe ar an aschur ó (2), *measúnacht agus anailís* ar úsáid seirbhísí aeráide poiblí Met Éireann
4. *Moltaí atá bunaithe ar fhianaise* chun seirbhísí aeráide poiblí Met Éireann a fhorbairt, lena chinntiú go gcuirfear faisnéis aeráide in iúl go héifeachtach, agus tuiscint ar iompar an duine á cur san áireamh léi. Ba cheart aird ar leith a dhíriú ar chur in iúl éifeachtach an riosca agus na neamhchinnteachta. Is ceart go mbeadh suirbhéanna agus comhairliúcháin ábhartha le pobal na hÉireann ina mbonn leis na moltaí, agus go rachfaí i muinín staidéar socheolaíochta agus síceolaíochta chun na moltaí sin a bhailíochtú.

Éilíonn an Clár go léireodh tograí a dhéantar mar fhreagra ar an 'ngairm oscailte' shnáithe Met Éireann le haghaidh tionscadal neamh-réamhshainithe, feachtas ar thaighde atá ann cheana sa réimse agus go míneoidís conas mar a chuirfidh an togra le taighde atá foilsithe cheana agus le taighde bainteach eile náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Riachtanais Iarratais

Ní mór d'iarratasóirí a bheith in ann léiriú conas mar a fhorbróidh an taighde beartaithe an phunann scileanna taighde atá acu cheana agus conas mar a rachaidh sé i gcion ar a múinteoireacht nó a gcleachtais.

Thairis sin, ní mór d'iarratasóirí a léiriú cé chomh luachmhar is atá a dtogra do na pobail beartais agus/nó seirbhísí. Féach leat rannán a ceathair chun sonraí a fháil faoi chostais incháilithe.

Is gá don tionscadal maoinithe tosú i Ráithe 1 2020 agus go dtabharfaí chun críche é laistigh de 12 mhí.

Beifear ag súil leis go rachadh na dámhachtaithe a n-éireoidh leo i gcomhairle leis an gClár.

Chuige sin:

- Ainmneoidh Met Éireann duine teagmhála sonraithe.
- Ba cheart cuireadh a thabhairt do Met Éireann chun páirt a ghlacadh in aon ghrúpa stiúrtha nó struchtúr comhairleach, nó ainmnitheach a sholáthar dó, i gcás go dtionólfá a leithéid chun tacú leis an tionscadal taighde.
- Caithfear dul i gcomhairle le Met Éireann maidir le seoladh agus scaipeadh na dtorthaí.
- Is gá do dhámhachtaithe na riachtanais maidir le nótaí buíochais a chomhlíonadh mar atá leagtha amach ag an [gComhairle um Thaighde in Éirinn](https://twitter.com/MetEireann) agus Met Éireann (lógó, meáin shóisialta: twitter.com/MetEireann agus an suíomh gréasáin: met.ie).
- Ní mór do dhámhachtaithe cloí leis na riachtanais maidir le tuairisciú mar atá leagtha amach i rannán a sé de Théarmaí agus Coinníollacha COALESCE.

Ní mór an próiseas earcaithe foirne (m.sh. cúntóirí taighde, taighdeoirí iardhochtúireachta, mic léinn iarchéime) in eagraíocht taighde an iarratasóra a n-éireofar leis a dhéanamh ar bhealach oscailte, trí fhógra poiblí. Caithfear baill foirne a earcú le haghaidh an tionscadail agus an ábhair bhronnta ar leith amháin.

Éilíonn an Chomhairle go mbeadh maoin intleachtúil chúlra gafa go soiléir sula gcuirtear tús leis an tionscadal agus go bhfuil sé soiléir cé aige a bhfuil rochtain ar an maoin intleachtúil chúlra sin. Is gá dearbhuithe a dhéanamh ar an mbonn sin. Caithfear cloí leis an dea-chleachtas trí leabhair nótaí agus taifid a choinneáil.

Ní mór don Ósteagraíocht/do na hÓsteagraíochtaí cloí leis na rialacha agus nósanna imeachta atá ann chun aon mhaoin intleachtúil a thagann chun cinn le linn na Dámhachtana a chosaint agus a bhainistiú de réir na dtreoirí náisiúnta.

Aon sonraí agus aschuir shonraí a eascraíonn ón tionscadal seo, agus iad forbartha ar bhonn sonraí agus taighde a bhí ann cheana, beidh fáil ag an bpobal taighde agus ag páirtithe leasmhara eile orthu, de réir beartas sonraí oscailte Met Éireann.

Chuige sin:

Lorgáítear iarratais ar:	
Achar ama	12 mhí ó thús an tionscadail
Teorainn mhaoinithe de réir tionscadail	Uasmhéid €100k (lena n-áirítear forchostais ag 25%)

AGUISÍN 2

Snáithe 2B: Gradaim ‘Domhan Níos Fearr’ 2019 na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Tá an Snáithe seo á chómhaoiniú ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus an Chomhairle um Thaighde in Éirinn faoin gCiste Taighde COALESCE 2019.



An Roinn Gnóthaí
Eachtracha agus Trádála
Department of
Foreign Affairs and Trade

Réamhrá

- Is é Rannán Comhoibrithe Forbartha agus na hAfraice den Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála atá freagrach as clár forbartha idirnáisiúnta Rialtas na hÉireann a bhainistiú. Is bunchloch dár mbeartas eachtrach foriomlán, le breis is 50 bliain anuas, comhoibriú forbartha agus cúnamh daonnúlach na hÉireann.
- Sa doiciméad [Éire Dhomhanda: Lorg Domhanda Éireann go dtí 2025](#), leagtar síos plean chun scóip agus tionchar domhanda na hÉireann a mhéadú faoi dhó faoin mbliain 2025. Sonraítear ann uailmhian na hÉireann leanúint dá ról ceannaireachta maidir le domhan a bhfuil comhionannas, síocháin agus inbhuanaitheacht mhéadaithe ag baint leis.
- Seoladh [Domhan Níos Fearr, Beartas Forbartha Idirnáisiúnta nua na hÉireann](#), ar an 28 Feabhra 2019. Is léiriú é foilsiú an bheartais ar chomhlíonadh tiomantais lárnaigh i gclár Éireann Domhanda an Rialtais, a seoladh i Meitheamh 2018 agus é d'uailmhian aige, scóip agus tionchar lorg domhanda na hÉireann a mhéadú faoi dhó faoin mbliain 2025.

Na Riachtanais le haghaidh Ciste Taighde COALESCE 2019:

Tá an Clár ag féachaint leis an acmhainneacht maidir le taighde forbartha ardcháilíochta a chothú agus a fhás in Éirinn agus i dtíortha compháirtíochta incháilithe⁷ chun freagairt do phríomhdhúshlán shochaíocha atá nasctha le ceann amháin de na ceithre thosaíocht beartais atá sonraithe in [Domhan Níos Fearr, Beartas Forbartha Idirnáisiúnta nua na hÉireann](#). Dearadh é chun cuir chuige idirdhisciplíneacha a spreagadh maidir le cruthú eolais, a mbeidh fianaise agus foghlaim dhian údarásach mar thoradh orthu, ionas go n-imreofar tionchar i dtíortha comhpháirtíochta ar bhonn na sochaí, mar chuid de *Domhan Níos Fearr* a chur i bhfeidhm.

Is é aidhm an Chláir ná moltaí a mhealladh ó thaighdeoirí sinsearacha, a bhfuil dea-theist taighde orthu san fhorbairt in institiúidí taighde Éireannacha seanbhunaithe, príomhchuibhreannais, a gcaithfidh ar a laghad institiúid taighde amháin i dtír chomhpháirtíochta incháilithe a bheith mar chuid díobh, agus í ag obair i gcomhar le hinstitiúid Éireannach amháin ar a laghad. Ní mór go léireofaí i dtograí conas a thógfaidh siad acmhainneacht taighde i dtíortha comhpháirtíochta an deiscirt; cumas comhchoiteann an chuibhreannais dul i ngleic le príomhdhúshlán a bhaineann le sprioc amháin nó níos mó de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe; agus cumas an chuibhreannais eolas nua a ghiniúint, a chuirfidh le ceann amháin ar a laghad de na ceithre thosaíocht beartais in *Domhan Níos Fearr*.

⁷ Vítneam an Phalaistín; aon tír san Afraic.

Is iad na haidhmeanna atá ag an gClár, agus é ag tacú leis an scéim maoinithe taighde seo, ná:

- Deiseanna a sholáthar le haghaidh tionscnaimh chomhoibrithe nua idir na taighdeoirí in Éirinn agus taighdeoirí i dtíortha comhpháirtíochta incháilithe, agus na deiseanna sin bunaithe ar thionscadail taighde den scoth atá in oiriúint do cheann amháin nó níos mó de na ceithre thosaíocht beartais atá leagtha síos in *Domhan Níos Fearr*.
- Chun forbairt acmhainneachta taighde i dtíortha comhpháirtíochta an deiscirt a éascú trí chomhpháirtíochtaí le taighdeoirí Éireannacha, agus an acmhainneacht sin a úsáid le rath a bhaint amach in bhFís 2020 agus/nó Fís Eorpach.
- Tionchar ar bheartas forbartha domhanda a ghiniúint, go háirithe laistigh de phobal beartais na tíre comhpháirtíochta agus de réir tosaíochtaí *Domhan Níos Fearr*.
- Chun an cion atá déanta ag córas taighde ne hÉireann ar mhaithe leis an gclár oibre forbartha inbhuanaithe a fheabhsú.
- Cur chuige dúshlán-bhunaithe i leith an taighde a spreagadh, agus chuige sin, acmhainneacht náisiúnta chomhoibriúch maidir leis sin a fhorbairt ionas go mbeadh tionchar dearfach ag an gcur chuige ar spriocghrúpaí bochta leochaileacha.
- Ní mór go gcuirfí san áireamh sa 'ghairm oscailte' seo ar thograí taighde conas a bhunófar cur chuige straitéiseach i leith scaipeadh agus tionchar beartais ón tús, lena n-áirítear príomhpháirtithe leasmhara agus cainéil chumarsáide a shainaithint, i gcomhréir le cuspóir na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, an glacadh taighde a mhéadú i mbeartais. Anuas ar na riachtanais chaighdeánacha maidir le tuairisciú atá sonraithe sna Téarmaí agus Coinníollacha seo, beidh ar dhámhachtaithe faoin snáithe seo freastal ar chruinniú déthaobhach amháin leis an Rannán Comhoibrithe Forbartha agus na hAfraice in aghaidh na bliana, chomh maith le himeacht scaipthe níos mó ag deireadh an tionscadail (i gcomhar le baill foirne/páirtithe leasmhara de chuid na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála).
- Tá na réimsí tosaíochtaí beartais seo a leanas sainaitheanta sa Chlár:
 - *Comhionannas Inscne*
 - *Riachtanas Daonnúil Laghdaithe*
 - *Gníomhú ar son na hAeráide*
 - *Rialachas Treisithe*.
- Caithfidh tograí a bheith gaolmhar go díreach leis na riachtanais a bhfuil cur síos orthu thuas.

Éilíonn an Clár go léireodh tograí a dhéantar mar fhreagra ar 'ghairm oscailte' shnáithe na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála le haghaidh tionscadal neamh-réamhshainithe, feachtas ar thaighde atá ann cheana sa réimse agus go míneoidís conas mar a chuirfidh an togra le taighde atá foilsithe cheana agus le taighde eile bainteach náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Riachtanais Iarratais

Ní mór d'iarratasóirí a bheith in ann léiriú conas mar a fhorbróidh an taighde beartaithe an phunann scileanna taighde atá acu cheana agus conas mar a rachaidh sé i gcion ar a múinteoireacht nó a gcleachtais.

Thairis sin, ní mór d'iarratasóirí a léiriú cé chomh luachmhar is atá a dtogra do na pobail beartais agus/nó seirbhísí. Féach ar Rannán 3 chun sonraí a fháil faoi chostais incháilithe.

Is gá don tionscadal maoinithe tosú i Ráithe 1 2020 agus go dtabharfaí chun críche é laistigh de 36 mhí.

Beifear ag súil leis go rachadh na dámhachtaithe a n-éireoidh leo i gcomhairle leis an gClár:

- Déanfaidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála teagmhálaí sonracha a ainmniú (Mary McCarthy, Ceann Taighde, an tAonad Beartais, an Rannán Comhoibrithe Forbartha agus na hAfraice).
- Ba cheart cuireadh a thabhairt d'ionadaí ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chun páirt a ghlacadh in aon ghrúpa stiúrtha nó struchtúr comhairleach, nó ainmnitheach a sholáthar dó, i gcás go dtionólfai a leithéid chun tacú leis an tionscadal taighde.
- Is gá dul i gcomhairle leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála maidir le seoladh agus scaipeadh na dtorthaí.
- Is gá do dhámhachtaithe na riachtanais maidir le nótaí buíochais a chomhlíonadh mar atá leagtha amach ag an [gComhairle um Thaighde in Éirinn](#) agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.
- Ní mór do dhámhachtaithe cloí leis na riachtanais maidir le tuairisciú mar atá leagtha amach i rannán 6 de Théarmaí agus Coinníollacha COALESCE. Is iad na faighteoirí deontais atá ag stiúradh an taighde a ullmhóidh na tuairiscí (de réir mar atá iarrtha ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn), i bhformáid atá comhaontaithe roimh ré leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus cuimseoidh na tuairiscí tagairt do na ranníocaíochtaí uile a fuarthas sa tréimhse faoi athbhreithniú i ndáil leis an gclár comhpháirtíochta straitéisí, lena dheimhniú nach raibh aon dúbláil ann maidir le maoiniú.

Chuige sin:

Lorgaítear iarratais ar:	
Achar ama	36 mhí ó thús an tionscadail
Teorainn mhaoinithe de réir tionscadail	Uasmhéid €350,000 (lena n-áirítear forchostais ag 25%)

AGUISÍN 3

Nósanna Imeachta agus Critéir Mheasúnaithe

Déanfar gach iarratas a sheolfar isteach faoin Scéim a mheasúnú ar bhonn iomaíoch trí phróiseas a bhfuil dhá chéim leis. I gCéim 1, beidh piarmheasúnú ó chian ann, is é sin, go gcuirfear iarratais amach le haghaidh measúnú ó chian mar chuid de phróiseas piarmheasúnaithe. Rachaidh gearrliosta d'iarratais ar aghaidh chuig Céim 2; déanfaidh bord meastóireachta idirnáisiúnta measúnú orthu agus roghnóidh an bord sin na tograí a gheobhaidh maoiniú.

Is é príomhchuspóir an bhoird meastóireachta idirnáisiúnta ná teacht suas le rangú *cáilíochtúil* ar na hiarratais. Rangóidh an bord meastóireachta idirnáisiúnta na hiarratais ar bhonn an eolais a cuireadh ar fáil agus tabharfaidh sé breithiúnas foriomlán ar an gcaighdeán. Tá gach ball den bhord meastóireachta idirnáisiúnta faoi réir Chód Iompraíochta comhaontaithe.

Déanfar meastóireacht ar iarratais de réir an phróisis cúig chéim seo a leanas:

1. Incháilitheacht agus comhlíonadh na dTearmaí agus Coinníollacha;
2. Meastóireacht trí phiarmheasúnú;
3. Meastóireacht roimh an gcruinniú ag baill an bhoird meastóireachta idirnáisiúnta ar iarratais atá ar an ngearrliosta;
4. Cruinniú den bhord meastóireachta idirnáisiúnta chun gach iarratas a rangú go cáilíochtúil agus a oiriúnacht le haghaidh maoiniú a dheimhniú; agus,
5. Aiseolas d'iarratasóirí incháilithe.

Beidh cinneadh na Comhairle i dtaobh cibé an mbronnfar deontas faoin Scéim seo críochnaitheach. Cuirfear an toradh in iúl d'iarratasóirí i scríbhinn agus cuirfear aiseolas gan ainm a lua leis ar fáil do gach iarratasóir incháilithe. Tá an Bord Feidhmiúcháin na Comhairle coiscthe ó thorthaí an chomórtais a phlé ar an teileafón.

Critéir Mheastóireachta

Leagtar amach an critéar meastóireachta do gach snáithe thíos.

Critéir Mheastóireachta SHNÁITHE 1		
Critéar Meastóireachta	Sonraí	Marc/100
Cáilíocht an Togra	Oiriúnacht choincheap agus chuspóirí an togra i dtaca le haidhmeanna na scéime, lena n-áirítear: • an fhéidearthacht go mbeadh an taighde beartaithe ina bhonn eolais ag beartas agus/nó cleachtas laistigh den Toradh Straitéiseach Náisiúnta (NSO) roghnaithe <u>nó</u> den téama snáithe comhpháirtíochta; • an fhéidearthacht go gcuirfeadh an tionscadal le forbairt taighde sa réimse ábhair amach anseo. Cuimsitheacht agus cáilíocht an chuir chuige atá le glacadh, lena n-áirítear: ➤ modheolaíocht taighde; ➤ bainistíocht sonraí; ➤ cur san áireamh saincheisteanna eiticiúla agus ceisteanna a bhaineann le gnéas-inscne; agus ➤ teorainneacha an chuir chuige atá le glacadh. Taithí agus saineolas ábhartha an iarratasóra maidir leis an tionscadal beartaithe, lena n-áirítear a bheith in ann léiriú go bhfuil cumas cruthaithe aige/aici an obair a dhéanamh go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta.	45
Comhoibriú agus tionchar beartas	Fianaise ar chomhoibriú tras-earnála mar chuid den togra, lena n-áirítear: ➤ deimhniú comhpháirtithe beartais ➤ comhleanúnachas, creidiúnacht an chomhoibrithe, lena n-áirítear gnéithe nuálacha ➤ acmhainní eile atá tiomanta ag comhpháirtithe tras-earnála	25
Féidearthacht an cur i bhfeidhm agus bainistíocht ar an tionscadal beartaithe	Féidearthacht phlean an tionscadail lena n-áirítear an amlíne. Bainistiú beartaithe an tionscadail, lena n-áirítear an cumas chun eochair-aschuir a sheachadadh i dtráth cuí, cur síos soiléir ar gharspriocanna agus féidearthacht agus oiriúnacht amscálaí.	20
Costas Beartaithe agus Luach ar Airgead	Leithdháileadh cuí acmhainní agus luach ar airgead léirchruthaithe lena n-áireofar cur síos iomlán ar chostais, an bonn cirt atá leis na costais seo agus plean chun a chinntiú go mbainfear an úsáid is fearr is féidir as acmhainní.	10

Critéir Mheastóireachta SHNÁITHE 2B		
Critéar Meastóireachta	Sonraí	Marc/100
Cáilíocht an Togra, lena n-áirítear tionchar an bheartais	Oiriúnacht choincheap an togra i dtaca le haidhm na scéime, lena n-áirítear iad seo a leanas: • Tábhacht an tionscadail bheartaithe agus an méid a chuirfidh sé leis an téama roghnaithe de chuid Chúnamh Éireann • Féidearthacht an tionscadail cur le forbairt beartas domhanda amach anseo agus i dtír/dtíortha comhpháirtíochta ach go háirithe Cuimsitheacht agus cáilíocht an chuir chuige atá le glacadh, lena n-áirítear: ➤ modheolaíocht taighde; ➤ bainistíocht sonraí; ➤ cur san áireamh saincheisteanna eiticiúla agus ceisteanna a bhaineann le gnéas-inscne; agus ➤ teorainneacha an chuir chuige atá le glacadh. Taithí agus saineolas ábhartha na n-iarratasóirí maidir leis an tionscadal beartaithe lena n-áirítear bheith in ann léiriú go bhfuil cumas cruthaithe acu an obair a dhéanamh go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta.	45
Comhoibriú agus Acmhainneacht	An fhéidearthacht go mbeadh an tionscadal in ann tacú le hacmhainneacht taighde níos fearr i dtíortha comhpháirtíochta. An fhéidearthacht go bhfeabhsódh an tionscadal an chomhpháirtíocht dhomhanda thuaidh-theas, agus go ndíreofaí ar iarratais chuig FP9 agus/nó deiseanna maoinithe idirnáisiúnta eile amach anseo. Fianaise maidir le cuimsiú beartais thrasarnála ná comhpháirtithe sochaí sibhialta.	25
Féidearthacht maidir le feidhmiú agus bainistiú an tionscadail bheartaithe	Féidearthacht phlean an tionscadail lena n-áirítear an amlíne. Ba chóir go mbeidh na gnéithe trasnáisiúnta seo a leanas mar chuid den bhainistíocht atá beartaithe don tionscadal an cumas, príomhaschuir a chur ar fáil in am; cur síos soiléir ar gharspriocanna; agus féidearthacht agus oiriúnacht amscálaí.	20
Costas Beartaithe agus Luach ar Airgead	Leithdháileadh cuí acmhainní agus luach ar airgead léirchruthaithe lena n-áireofar cur síos iomlán ar chostais, an bonn cirt atá leis na costais seo agus plean chun a chinntiú go mbainfear an úsáid is fearr is féidir as acmhainní ar bhonn trasnáisiúnta.	10

AGUISÍN 4

Treoir maidir leis an Diminsean Gnéis-Inscne in Inneachar Taighde

Réamhrá

Déanann sárthaighde lánbhreithniú ar ghné fhéideartha an ghnéis bhitheolaíoch agus na hinscne sóisialta mar eochair-athróa anailíseacha mínitheacha. Mura dtugtar aghaidh ar shaincheistean abhartha an ghnéis agus na hinscne nó mura ndéileáiltear i gceart leo, beidh torthaí an taighde neamhiomlán agus d'fhéadfaidís bheith claonta. Ní mór lánbhreithniú a dhéanamh ar an ngné ghnéis-inscne in inneachar taighde maidir leis na dámhachtainí go léir de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn, agus beidh sé seo ina riachtanas freisin le haghaidh maoiniú faoi Fhís 2020.

Cuirtear an t-eolas thíos ar fáil chun cuidiú le hiarratasóirí an dearbhú maidir leis an ngné Ghnéis-Inscne a chomhlánú san iarratas. Tógadh sin ó Inscne Sraith Straitéisí i dtaighde a bhíonn á mhaoiniú ag an AE,⁸ agus tá sé mar chuspóir ag an tSraith Straitéisí uirlisí praiticiúla a thabhairt don phobal taighde chun na gnéithe inscne a chuimsiú ina dtaighde, lena n-áirítear comhdheiseanna do mhná agus d'fhir agus an ghné ghnéis-inscne den taighde; cabhróidh an méid sin le taighde den scoth a chur ar fáil. Féach freisin <http://genderedinnovations.stanford.edu/> le haghaidh samplaí de chás-staidéir in: Eolaíocht, Sláinte & Leigheas, Innealtóireacht agus Comhshaol.

Achoimre ar an tSraith Straitéisí 'Toolkit Gender in EU-funded research'

An bhailíocht is fearr is féidir sa taighde: Aimsítear caighdeán agus bailíocht níos airde nuair a ghlahtar le cur chuige atá gnéas-íogair agus inscne-íogair i dtaca le hinneachar an taighde. Má chuireann taighde na difríochtaí idir fir agus mná sa phobal taighde san áireamh, beidh na torthaí níos ionadaíche. Ní dhéanann catagóirí ginearálta amhail 'daoine', 'othair' nó 'úsáideoirí' idirdhealú idir fir agus mná.

D'fhéadfadh sé tarlú go soláthródh taighde bunaithe ar chatagóirí dá leithéid páirt-chonclúidí bunaithe ar pháirtshonraí. Mar shampla, ba chóir do chóireáil nua do d'aile chéice othair fhreanna a chur san áireamh, d'fhoill pictiúr iomlán a fháil. Dírionn an chuid is mó den taighde le samhail ainmhíocha ar fhreannaigh ag fágáil na mbaineannach amach (Zucker et al., 2010; Marts et al., 2004). Ní féidir le taighde ar imircigh eacnamaíocha dearcadh na bhfear amháin a chur san áireamh más mian leis an bpobal imirceach ar fad a thuiscint.

Conas gné fhéideartha na hinscne agus a himpleachtaí sin don taighde atá ar siúl agat a bhreithniú

Smaointe taighde agus hipitéisí: Ní mór anailís a dhéanamh ar ábharthacht gnéis agus inscne maidir leis an ábhar agus laistigh de agus caithfear an méid eolais atá ar fáil ina thaobh a mheas. Féadfar leas a bhaint as taighde a rinneadh roimhe sin agus as an litríocht atá ann cheana agus hipitéisí á bhfoirmliú. Déanta na fírinne, tá méadú leanúnach tagtha ar an gcorpas eolais atá ar fáil faoi shaincheistean gnéis-inscne le cuid mhaith de bhlianta anuas, agus is ábhar tagartha spéisiúil é ar féidir é a úsáid chun hipitéisí nua a chruthú le haghaidh taighde amach anseo.

⁸ http://www.yellowwindow.be/genderinresearch/downloads/YW2009_GenderToolKit_Module1.pdf

Dearadh tionscadail agus modheolaíocht taighde: Bíodh is go bhfuil difríochtaí idir modheolaíochtaí taighde, bíonn siad go léir ag iarraidh (gnéithe den) réaltacht a léiriú. Nuair a bhaineann an réaltacht seo le daoine, ba chóir go ndéanadh aon mhodheolaíocht idirdhealú idir na gnéasanna agus dálaí na bhfear agus na mban a chur san áireamh ar an mbonn céanna. Dá bhrí sin, tá grúpaí amhail ‘saoránaigh’, ‘othair’, ‘tomhaltóirí’, ‘íospartaigh’ nó ‘páistí’ ró-ghinearálta mar chatagóirí.

Feidhmiú an taighde

Ní mór d’uirlisí bailithe sonraí (amhail ceistneoirí agus seicliostaí agallaimh) a bheith inscne-íogair, teanga inscne-neodrach a úsáid agus bheith in ann réaltachtaí difriúla na bhfear agus na mban a bhrath. Cuideoidh sé seo chun laofacht inscne a sheachaint. Mar shampla, ní bhíonn na freagraí atá le soláthar ag ‘ceann an teaghlaigh’ bailí de riachtanas do gach ball den teaghlach.

Anailís sonraí: Sa chuid is mó den taighde a bhaineann le hábhair daonna, déantar sonraí a dhí-chomhbhailiú de réir gnéis mar chúrsa gnáthaimh, agus bheifeá ag súil leis go loighciúil go gcuirfeadh sé sin anailís de réir gnéis ar fáil. Ach go dtí seo, ní hé seo a tharlaíonn de ghnáth. Má thógtar gnéas mar athróg lárnach ar bhonn córasach agus má dhéantar athróa eile a anailisiú i dtaca leis (m.sh. gnéas agus aois, gnéas agus ioncam, gnéas agus soghluaisteacht, gnéas agus saothar), cuirfidh sé seo léargas shuntasacha úsáideacha ar fáil. Bealach maith eile chun an tionchar is mó a áirithiú ná ról a thabhairt do ghrúpaí d’úsáideoirí deiridh atá cothromaithe ó thaobh inscne i rith an taighde.

Céim an scaipthe – tuairisciú sonraí: Ní leor sonraí ar leith i dtaca le gnéas agus inscne a bhailiú má fhágtar ar lár iad as na torthaí foilsithe. Ba chóir gnéas-inscne a chuimsiú i bhfoilseacháin ‘phríomhshrutha’ toisc go mbaineann an athróg seo gach pioc chomh mór le gnáthréaltacht an lae is a bhaineann aon athróg eile a ndéantar staidéar uirthi. Is féidir breithniú a dhéanamh ar ghníomhartha scaipthe sonraithe (foilseacháin nó imeachtaí) le haghaidh cinntí gnéis agus inscne. Ba chóir institiúidí agus ranna a dhíríonn ar inscne a chuimsiú sna spriocghrúpaí ar a scaipfear na torthaí. Ba chóir go n-úsáidfí teanga inscne-neodrach i bhfoilseacháin.

SEICLIOSTA LE HAGHAIDH GNÉIS-INSNE IN ÁBHAR TAIGHDE

Céim na Smaointí Taighde:

- Má tá daoine i gceist mar ábhair thaighde, an bhfuil anailís déanta ar ábharthacht an ghné ghnéis-inscne don topaic taighde?
- Muna mbaineann an taighde go díreach le daoine, an bhfuil an caidreamh difreáilte a d’fhéadfadh a bheith ag fir agus mná le hábhar an taighde soiléir go leor?
- An bhfuil athbhreithniú déanta agat ar litríocht agus foinsí eile a bhaineann le difríochtaí gnéis-inscne i réimse an taighde?

Céim an togra:

- An gcinntíonn an mhodheolaíocht go n-imscrúdófar difríochtaí (féideartha) gnéis-inscne: go mbaileofar sonraí arna ndifriú de réir gnéis agus inscne agus go ndéanfar anailísí orthu i rith timthrialla an taighde agus go mbeidh siad mar chuid den fhoilseachán deiridh?

- An dtugann an togra míniú follasach cuimsitheach ar chonas a láimhseálfar saincheisteanna gnéis-inscne (m.sh i bpacáiste oibre ar leith)?
- Ar cuireadh san áireamh go bhféadfadh aschuir agus tionchair an taighde ar fhir agus ar mhná a bheith difreáilte?

Céim an taighde:

- An bhfuil na ceistneoirí, suirbhéanna, grúpaí fócais srl ceaptha chun difríochtaí maidir le gnéas agus/nó inscne i do shonraí a d'fhéadfadh a bheith ábharthach a aimsiú?
- An bhfuil na grúpaí atá páirteach sa tionscadal (m.sh. samplaí, grúpaí tástála) cothromaithe ó thaobh inscne? An ndéantar anailís ar shonraí de réir athróige an ghnéis? An ndéantar anailís ar athróga ábhartha eile i dtaca le gnéas?

Céim an Scaipthe:

- An soláthraíonn na hanailísí staitisticí, táblaí, figiúirí agus tuairiscí a dhíríonn ar na difríochtaí ábhartha ó thaobh gnéis agus inscne a tháinig chun cinn i rith an tionscadail?
- An bhfuil na hinstitiúidí, ranna agus irisí a dhíríonn ar inscne i measc na spriocghrúpaí ar a scaipfear na torthaí, maraon leis na hirisí taighde príomhshrutha? Ar chuir tú foilseachán nó imeacht ar leith ar chinntí a bhaineann le gnéas-inscne san áireamh?

AGUISÍN 5

Clár Oibre ar Fhorbairt Inbhuanaithe na NA

Sa bhliain 2015 leag na Náisiúnta Aontaithe 17 sprioc amach ag súil le **deireadh a chur leis an mbochtaineacht**, leis **an bpláinéad a chosaint** agus le **rath a chinntiú do chách** mar chuid de chlár oibre nua ar fhorbairt inbhuanaithe. Tá cuspóirí éagsúla ag gach sprioc le baint amach sna 15 bliana atá romhainn. Tá na spriocanna uile liostáilte thíos agus déantar cur síos gairid ar an ábhar lena mbaineann. Tá roinnt cuspóirí áirithe agus casta ag gach Sprioc. Táthar ag súil leis go nglacfaidh gach duine páirt sna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe: rialtais, an earnáil phríobháideach, an tsochaí shibhialta agus gnáthdhaoine.

Tá níos mó faisnéise ar fáil ar <https://www.un.org/sustainabledevelopment/sustainable-development-goals/>, agus is féidir Réiteach na NA a léimh ar http://www.un.org/ga/search/view_doc.asp?symbol=A/RES/70/1&Lang=E



Sprioc 1: Deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus gach foirm den bhochtaineacht ar fud an domhain

Chonacthas go leor dul chun cinn maidir leis an mbochtaineacht a laghdú ón mbliain 1990 i leith. Maireann duine as cúigear i réigiúin i mbéal forbartha ar níos lú ná \$1.90 in aghaidh an lae fós, agus tá na milliúin ann a mhaireann ar bheagán níos mó ná an méid bheag sin, ar éigean, chomh maith le daoine eile atá i mbaol a bheith bocht arís. Tá sé mar aidhm ag an sprioc seo bochtaineacht agus éagothroime a laghdú agus deireadh a chur le dearbh-bhochtaineacht.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/poverty/>

Sprioc 2: Deireadh a chur leis an ocras, slándáil bia a chinntiú, cothú a fheabhsú agus talmhaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn

Tá duine amháin as naonúr (815 mhilliún) gannchothaithe sa domhan sa lá atá inniu ann. D'fhéadfadh an earnáil bia agus talmhaíochta réitigh thábhachtacha a sholáthar chun críche na forbartha, agus is gné lárnach an earnáil sin i ndáil le deireadh a chur leis an ocras agus leis an mbochtaineacht. Déantar machnamh ar na bealaí ina bhfásaimid, ina roinnimid agus ina n-ithimid ár mbia sa Sprioc seo.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/hunger/>

Sprioc 3: Saol sláinte agus folláine a chur chun cinn ag gach aois

Bíonn saol sláinte agus folláine a chur chun cinn ag gach aois riachtanach d'fhorbairt inbhuanaithe. Dírítear ar an mbaol atá ann do leanaí agus do mhná atá ag iompar clainne **VEID/SEIF, maláire agus galair eile a tholghadh a laghdú**.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/health/>

Sprioc 4: Oideachas ionchuimsitheach ar chaighdeán cothrom a chinntiú agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a chinntiú do chách

Is é is bonn le saol daoine a fheabhsú agus forbairt inbhuanaithe a spreagadh ná oideachas ardcháilíochta a bhaint amach. Díríonn an Sprioc seo ar oideachas riachtanach a áirithiú do chách, go háirithe do leanaí.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/education/>

Sprioc 5: Comhionannas inscne a bhaint amach agus gach bean agus cailín a chumhachtú

Ní cearta daonna bunúsach amháin é comhionannas inscne, agus is bonn riachtanach é do dhomhan síochánta, rathúil agus inbhuanaithe. Bainfidh geilleagair, sochaí agus an cine daonna go ginearálta

uile tairbhe as rochtain chothrom d'oidéachas, do chúram sláinte, d'obair mhaith agus ionadaíoch i bpróisis cinnteoireachta a bhaineann le cúrsaí polaitíochta agus eacnamaíochta a chur ar fáil do mhná agus do chailíní.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/gender-equality/>

Sprioc 6: Soláthar, bainistíocht inbhuanaithe agus sláintíocht uisce a chinntiú do chách

Tá rochtain ar uisce slán riachtanach don domhan ar mhaith linn a bheith inár gcónaí ann. Cé go bhfuil dóthain uisce ann le freastal ar riachtanais daonáireamh an domhain, faigheann na milliúin duine bás gach bliain ó ghalair a bhaineann le soláthar, sláintíocht agus sláinteachas neamhleor uisce.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/water-and-sanitation/>

Sprioc 7. Rochtain ar fhuinneamh inacmhainne, iontaofa, inbhuanaithe agus nua-aimseartha a chinntiú do chách

Is gné lárnach é an fuinneamh de gach dúshlán agus deis mhór atá roimh an domhan inniu. Is príomhchuspóir é i dtaca le spriocanna fadtéarmacha aeráide a bhaint amach, déine carbóin an fhuinnimh a laghdú.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/energy/>

Sprioc 8. Fás geilleagrach leanúnach ionchuimsitheach inbhuanaithe a chur chun cinn, agus fostaíocht bhisíúil agus obair thorthúil a bhaint amach do chách

Maireann thart ar leath daonáireamh an domhain ar thart ar US\$2 in aghaidh an lae. San iomarca áiteanna ní chinntíonn post go mbeifear in ann bochtaineacht a sheachain. Tá sé mar aidhm ag an sprioc seo beartais eacnamaíochta agus sóisialta a dhíríonn ar dheireadh a chur le bochtaineacht a athchóiriú.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/economic-growth/>

Sprioc 9. Bonneagar seasmhach a thógáil, tionsclaíocht ionchuimsitheach inbhuanaithe a chur chun cinn agus nuáil a chothú

Infheistíochtaí i mbonneagar – iompar, uisciú, fuinneamh agus teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide – tá siad seo uile riachtanach chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach agus chun pobail éagsúla a chumhachtú. Táirgiúlacht agus ioncam a mhéadú, agus ní mór infheistiú i mbonneagar sula mbeidh feabhas i dtorthaí a bhaineann le sláinte agus le hoideachas.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/infrastructure-industrialization/>

Sprioc 10. An éagothroime i dtíortha agus idir tíortha a laghdú

Aontaítear go forleathan nach bhfuil an fás geilleagrach amháin in ann an bhochtaineacht a laghdú mura bhfuil an fás sin ionchuimsitheach agus mura mbaineann na trí gnéithe den fhorbairt inbhuanaithe leis – eacnamaíoch, sóisialta agus timpeallachta.

Cé gur laghdaíodh éagothroime ioncaim idir tíortha, méadaíodh éagothroime sna tíortha sin.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/inequality/>

Sprioc 11. Áirithiú go bhfuil cathracha agus lonnaíochtaí daonna sábháilte, seasmhach agus inbhuanaithe

Téitear i ngleic le go leor dúshlán i gcathracha -- cuir i gcás brú tráchta, easpa seirbhísí bunúsacha, easpa tithíochta imleoire agus bonneagar atá ag meath -- agus is féidir na dúshláin seo a shárú go mbeidh na cathracha in ann leanúint ar aghaidh ag fás, agus ag úsáid acmhainní i mbealach níos fearr agus ag laghdú truailliú agus bochtaineacht ag an am céanna.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/cities/>

Sprioc 12: Cinntiú go bhfuil na patrúin a bhaineann le tomhaltas agus le táirgeadh inbhuanaithe

Is éard atá i gceist le tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe ná éifeachtúlacht acmhainní agus fuinnimh, agus bonneagar inbhuanaithe a chur chun cinn, agus a áirithiú go bhfuil fáil ar sheirbhísí bunúsacha, poist ghlasa mhaith agus caighdeán saoil níos fearr do chách. Dírítear sa Sprioc seo ar uisce, bia agus fuinneamh a tháirgeadh agus a úsáid go hinbhuanaithe.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/sustainable-consumption-production/>

Sprioc 13: Dul i ngleic le hathrú aeráide agus a thionchar go láithreach⁹:

Tá tionchar diúltach ag athrú aeráide ar gach tír ar gach mór-roinn faoi láthair. Cuireann athrú aeráide isteach go mór ar gheilleagar náisiúnta, ar shaolta, ar phobail agus ar thíortha sa lá atá inniu ann agus beidh sé seo níos measa fiú amach anseo. Chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, ghlac tíortha le [Comhaontú Pháras](#) ag an 21ú Comhdháil Pháirtithe (nó “COP”) de Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) i bPáras ar an 12 Nollaig 2015. D’aontaigh na tíortha uile le hoibriú le chéile chun an méadú ar theocht domhanda a theorannú a choinneáil níos nó ná 2 chéim Celsius, agus ag tabhairt aghaidh ar na rioscaí contúirteacha atá ann, iarracht a dhéanamh an méadú sin a choinneáil ag 1.5 chéim Celsius.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/climate-change-2/>

Sprioc 14: Na haigéin, na farraigí agus acmhainní mara a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe i gcomhair forbartha inbhuanaithe

Is iad aigéin an domhain – agus an teocht, an cheimic, na sruthanna agus an saol a bhaineann leo – a theorann córais dhomhanda ionas go mbeidh an cinnte daonna in ann maireachtáil ar an Domhan. Is príomhghné í bainistíocht chúramach ar an acmhainn riachtanach domhanda seo ar thodhchaí inbhuanaithe.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/oceans/>

Sprioc 15: Éiceachórais thrastíre a chosaint, a athneartú agus úsáid inbhuanaithe a chur chun cinn, coillte a bhainistiú go hinbhuanaithe, dul i ngleic le fairsingiú fásaigh, agus díghrádú talaimh a stopadh agus a chúlú agus stop a chur le cailleadh bithéagsúlachta

Dífhoraoisiú agus fairsingiú fásaigh – dhá rud ar chuthaigh gníomhaíochtaí daonna agus athrú aeráide iad – is dúshlán mhóra iad ar an bhforbairt inbhuanaithe agus chuir siad isteach ar shaolta agus ar shlí beatha na milliún duine agus iad ag troid in aghaidh bochtaineachta.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/biodiversity/>

Sprioc 16: Sochaí atá síochánta agus ionchuimsitheach d’fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, rochtain ar an gceart a chur ar fáil do chách agus institiúidí éifeachta, freagracha agus ionchuimsitheacha a thógáil ag gach leibhéal

Tá Sprioc 16 de chuid na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe tiomanta do chur chun cinn sochaí atá síochánta agus ionchuimsitheach d’fhorbairt inbhuanaithe, rochtain ar an gceart a chur ar fáil do chách agus institiúidí éifeachta agus freagracha a thógáil ag gach leibhéal.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/peace-justice/>

Sprioc 17. Modh feidhmithe na Comhpháirtíochta Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe a threisiú agus í a athnuachan

Teastaíonn comhpháirtíocht idir rialtais, idir an earnáil phríobháideach agus an tsochaí shibhialta chun clár oibre ar fhorbairt inbhuanaithe rathúil a chur chun cinn. Tógtar ar phrionsabail agus ar luachanna sna comhpháirtíochtaí ionchuimsitheacha seo, agus ar spriocanna atá ag an dá taobh a gcuirtear daoine agus an pláinéad i gcroílár agus atá de dhíth ag leibhéal domhanda, réigiúnach, náisiúnta agus áitiúil.

Caithfear gníomh a dhéanamh láithreach chun cumhacht trilliún dollar d’acmhainní príobháideacha a scaoileadh, agus ansin a ghríosú agus a atreorú, chun na cuspóirí a bhaineann le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach.

<https://www.un.org/sustainabledevelopment/globalpartnerships/>

⁹ Is é Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide an príomh-fhóram idirnáisiúnta agus idir-rialtas ar fhreagracht domhanda ar athrú aeráide a chur le chéile.

AGUISÍN 6

Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta



Fás Dlúth

Má dhéantar bainistíocht chúramach ar fhás inbhuanaithe cathracha, bailte agus sráidbhailte dlútha cuirfear luach leo agus cruthófar áiteanna níos mealltaí inar féidir le daoine maireachtáil agus a bheith ag obair. Tá go leor áiteanna forbartha poitéinsiúla inár lonnaíochtaí uirbeacha, ceantair lárnacha atá faoi úinéireacht phoiblí go minic, atá oiriúnach agus a bhféadfaí iad a athúsáid chun tithíocht, poist, taitneamhachtaí agus seirbhísí a chur ar fáil, ach a mbeadh cur chuige cuíchóirithe comhordaithe ag teastáil chun iad a fhorbairt, mar aon le hinfheistíocht I mbonneagar cumasaithe agus taitneamhachtaí tacúla, le go mbainfidís barr a gcumais amach. Is príomhthosaíocht í na ceantair straitéiseacha seo a chur i ngníomh agus dlús agus comhdhlúthú éifeachtúil a bhaint amach, seachas tuilleadh forbartha sraoilleála uirbigh a chothú.



Inrochtaineacht Réigiúnach Fheabhsaithe

Tosaíocht eile ná inrochtaineacht idir phríomhionaid dhaonra uirbeacha agus a réigiúin a fheabhsú. Ciallaíonn sé seo cinntiú go mbíonn inrochtaineacht mhaith ag gach réigiún agus ceantar uirbeach ar Bhaile Átha Cliath, agus ar a chéile freisin. Ní gá do gach bealach a aghaidh a chasadh i dtreo an oirthir, mar sin tá inrochtaineacht agus nascacht idir áiteanna ar nós Gaillimh agus Luimneach, chun sampla amháin a thabhairt, agus trí Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh chomh maith le rochtain ar an Iar-Thuaisceart rithábhachtach freisin.



Geilleagair agus Pobail Thuaithe a Neartú

Tá ról mór ag geilleagair agus pobail thuaithe threisithe i sainiú ár n-aitheantais, agus I ngriósadh ár ngeilleagair agus ár dtimpeallachta ardchaighdeán, agus ní mór dóibh a bheith ina gcuid lárnach d'fhorbairt straitéiseach ár dtíre go dtí 2040. Chomh maith leis na féidearthachtaí a bhaineann leis na hearnálacha acmhainní nádúrtha agus bia, atá ina gcolúin thraidisiúnta den gheilleagar tuaithe, tá féidearthachtaí ag baint freisin le nascacht fheabhsaithe, leathanbhanda agus deiseanna forbartha geilleagraí tuaithe, maidir lena chinntiú go gcaomhnófar ár gceantair tuaithe agus go láidreofar iad mar phobal maireachtála agus oibre.



Nascacht Idirnáisiúnta Ardchaighdeán

Tá sé seo rithábhachtach dár n-iomaíochas idirnáisiúnta go ginearálta agus chun aghaidh a thabhairt ar dheiseanna agus ar dhúshláin ó Brexit go hinfheistíocht inár gcalafoirt agus inár n-aerfoirt i gcomhréir le tosaíochtaí earnála a shainítear cheana féin tríd an bPolasaí Náisiúnta Calafort agus an Polasaí Náisiúnta Eitlíochta agus tionscadal aitheantais eile ar nós an dara rúdbhealach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Athfhorbairt Chalafort Chorcaí - Rinn an Scidígh.



Soghluaiseacht Inbhuanaithe

I gcomhréir le plean mhaolaithe na hÉireann maidir leis an Athrú Aeráide, ní mór dúinn ár gcórais luaineachta a leictriú diaidh ar ndiaidh ag aistriú ó chórais thiomána truaillitheacha ar mó a lorg carbóin go teicneolaíochtaí nua ar nós fheithiclí leictreacha agus tabhairt isteach córas greama leictreach agus hibride do fhlíteanna iompair phoiblí, sa chaoi go mbeidh timpeallacht níos glaine, níos ciúine inár gcathracha agus bailte roimh 2040 saor ó chórais iompair tiomanta ag innill dhóchaine.



Geilleagar Láidir, arna thacú ag Fiontar, Nuálaíochta agus Scileanna

Braithfidh sin ar áiteanna a chruthú ina bhféadfar fiontar agus nuálaíocht a chothú, agus infheistíocht agus tallann a mhealladh. Féadfar é sin a bhaint amach trí thiománaithe eacnamaíocha réigiúnacha a thógáil agus trí thacaíocht a thabhairt do dheiseanna chun an geilleagar tuaithe a éagsúlú agus a láidriú, agus chun poitéinseal na n-áiteanna seo a fhuascailt. Chun an toradh thuas a bhaint amach, beidh gá le comhordú a bhaint amach idir fás agus comhfhorbairt áite, agus infheistíocht I mbonneagar den chéad scoth, lena n-áireofar nascacht dhigiteach, agus i scileanna agus tallann a thacóidh leis an iomaíochas eacnamaíoch agus an fás fiontraíochta.



Taitneamhachtaí agus Oidhreacht Feabhsaithe

Cinnteoídh sé seo go bhfuil ár gcathracha, ár mbailte agus ár sráidbhailte mealltach agus go bhfuil an caighdeán saoil atá ar fáil iontu go maith. Beidh infheistíocht i riocht phoiblí dea-dheartha ag teastáil, infheistíocht a chuimsíonn spásanna poiblí, páirceanna agus sráideanna, chomh maith le bonneagar fóillíochta. Cuimsíonn sé freisin taitneamhachtaí i gceantair tuaithe, ar nós páirceanna náisiúnta agus foraoise, turasóireacht gníomh-bhunaithe agus cosáin ar nós na glasbhealaí, na gormbhealaí agus na móinbhealaí. Tá sé seo nasctha agus is gá dó comhtháthú lenár n-oidhreacht thógtha, chultúrtha agus nádúrtha, a bhfuil luach ann féin aige maidir le sainiú charachtar cheantar uirbeach agus tuaithe agus cur lena mealltach agus lena sainiúlacht.



Aistriú chuig Sochaí Ísealcharbóin atá Seasmhach ó Thaobh na hAeráide de

Leagan an Seasamh Polasaí maidir leis an Aeráid Náisiúnta síos an cuspóir náisiúnta chun an t-athrú a dhéanamh go dtí geilleagar iomaíoch, ísealcharbóin, láidir ó thaobh na haeráide de agus inbhuanaitheach ó thaobh an chomhshaoil de roimh 2050. Treoróidh an cuspóir seo roghanna infheistíochta sna deich nó fiche bliain atá romhainn i gcomhréir leis an bPlean Maolaithe Náisiúnta agus an gCreat Oiriúnaithe Náisiúnta. Beidh gá le córais fuinnimh agus le heangaí tarchurtha nua chun córas giniúna fuinnimh a bhaint amach a bheidh níos scaipthe agus dírithe níos mó ar athnuaiteáin; bainfidh an córas sin leas as na féidearthachtaí suntasacha cois cladaigh agus san fharraige amuigh a bhaineann le foinsí fuinnimh amhail an ghaoth, na tonnta agus an ghrian, agus nascfaidh sé na foinsí is saibhre den fhuinneamh sin leis na foinsí is mó a éilíonn fuinneamh.



Bainistíocht Inbhuanaithe ar Uisce, Dramhaíl agus Acmhainní Comhshaoil eile

Tá acmhainní nádúrtha agus comhshaoil fairsinge ag Éirinn, amhail ár n-acmhainní uisce atá rithábhachtach dár bhfolláine timpeallachta agus eacnamaíoch sa todhchaí. Beidh tábhacht níos mó ná riamh ag caomhnú agus feabhsú cháilíocht na n-acmhainní seo i ndomhan níos dlúth ó thaobh daonra de agus níos iomaíoch, agus beidh tábhacht freisin lenár gcumas leas a bhaint as táirgí a ceapadh roimhe seo a bheith mar dhramhaíl, chun leasanna sa gheilleagar ciorclach a chruthú.



Rochtain ar Chúram Leanaí, Oideachas agus Seirbhísí Sláinte Ardchaighdeán

Is gné shainiúil d'áiteanna mealltacha, rathúla agus iomaíocha rochtain mhaith ar réimse leathan seirbhísí oideachais agus sláinte, i gcomhréir le scála réigiúin, chathair, bhaile, chomharsanacht nó pobal. Cuirfidh fás dlúth, cliste i gceantair uirbeacha agus fás pobail láidre agus buansheasmhacha tuaithe ar ár gcumas réimse seirbhísí inrochtana agus éifeachtúla a chur ar fáil.

AGUISÍN 7

Acmhainní maidir le Pleananna Bainistíochta Sonraí agus Prionsabail FAIR

- [DMPonline](#), lena n-áirítear [teimpléid](#)
- [Science Europe \(2018\) Practical Guide to the International Alignment of Research Data Management](#)
- [H2020 Programme \(2016\) Guidelines on FAIR Data Management in Horizon 2020](#)
- [H2020 Programme \(2016\) Guidelines on Open Access to Scientific Publications and Research Data in Horizon 2020](#)
- [OpenAire](#) - Tionscadal OpenAIRE2020
- [Prionsabail FAIR maidir le sonraí FORCE 11](#)
- [ROAR](#) - Registry of Open Access Repositories (Clárlann de Thaisclanna Rochtana Oscailte)
- [OpenDoar](#) - Directory of Open Access Repositories (Eolaire de Thaisclanna Rochtana Oscailte)
- [Registry of Research Data Repositories](#)



IRISH RESEARCH COUNCIL
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn